

Cuntas Leithreasa 2024

Vóta 29

Comhshaol, Aeráid agus Cumarsáid

Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 29, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas atá ceangailte leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2024 ar thuarastail agus speansais Oifig an Aire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, lena n-áirítear seirbhísí áirithe arna riar ag an Oifig sin agus chun deontais áirithe a íoc.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna

- arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2024, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain, agus
- arna soláthar ar mhaithe le seirbhísí soláthair caipitil sa bhliain 2024, as leithreasaí neamhchaite a bhain leis an mbliain 2023, faoi na socruithe a bunaíodh le halt 91 den Acht Airgeadais, 2004, maidir le géilleadh iarchurtha.

Dlítear barrachas €38.479 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas iad an ráiteas faoi pholasaithe agus faoi phrionsabail chuntasaíochta agus nótaí 1 go 7.

Aistriú feidhmeanna

Ag teacht sna sála ar chinneadh ón Rialtas i mí na Nollag 2023, aistríodh an fhreagracht as córas pleanála muirí na hÉireann go foirmiúil ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht chuig an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide an 14 Bealtaine 2024 faoi I.R. 236 de 2024 – An tOrdú Imeall Trá (Riarachán Roinne agus Feidhmeanna Aire a Aistriú), 2024; I.R. 219 de 2024 – An tOrdú um an Acht Gáis (Leasú) agus Forálacha Ilghnéitheacha, 2024 (An Lá Aistrithe), 2024; agus I.R. 109 de 2024 – An tOrdú um Bonneagar d'Fhaisnéis Spáis sa Chomhphobal Eorpach (INSPIRE) (Riarachán Roinne agus Feidhmeanna Aire a Aistriú), 2024.

Léirítear sa chuntas leithreasa, nach mór foirm agus formáid an mheastacháin ábhartha a leanúint ann, an t-aistriú feidhmeanna thuasluaite ar bhonn na bliana iomláine. Dá bhrí sin, tá cuntas tugtha ar na feidhmeanna aistrithe uile i gcuntas leithreasa 2024.

Ráiteas faoi pholasaithe agus faoi phrionsabail chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe i gclárán 20 de 2024, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú. Áirítear leis sin úsáid a bhaint as roinnt Caighdeáin Cuntasaíochta Rialtais Láir (CGASanna) a tháinig i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2024 i leith.

Chun aistriú an chuntais leithreasa chuig Caighdeáin Chuntasaíochta an Rialtais Láir a éascú, fuair an Roinn maoluithe i leith na gcaighdeán seo a leanas i ndáil leis an mbliain 2024.

- *CGAS 17 Réadmhaoin, fearas agus trealamh*

Níor aithníodh sócmhainní réadmhaoine atá liostaithe in Aguisín A sna ráitis airgeadais (CGAS 17:14).

Tá pleananna i bhfeidhm chun athbhreithniú agus réiteach a dhéanamh ar shaincheisteanna a bhaineann le teideal dlí agus rialú dlí i leith roinnt réadmhaoine, ar ag an tráth sin a dhéanfar na réadmhaoine a luacháil agus a aithint sna ráitis airgeadais.

- **CGAS 32: Socruithe Lamháltais Seirbhíse: Deontóir**

Níor aithníodh an socrú lamháltais seirbhíse ar na líonraí achar cathrach sna ráitis airgeadais mar gheall ar cheanglais láithreacha chun socruithe conarthacha a athbhreithniú.

Bonn tomhais

Dímheas ar shócmhainní caipitil

Déantar dímheas ar réadmhaoín, fearas agus trealamh agus amúchadh sócmhainní doláimhsithe a ríomh agus a mhuirearú i gcomhréir le CGAS 17 agus le CGAS 31 faoi seach.

Is mar a leanas atá na saolréanna úsáideacha agus na rátaí gaolmhara dímheasa/amúchta a bhaineann le haicmí móra réadmhaoine, gléasra agus trealaimh:

<i>Aicme sócmhainní</i>	<i>Saolré úsáideach</i>	<i>Ráta dímheasa/amúchta</i>
Feabhsuithe léasachta	50 bliain	2% in aghaidh na bliana
Mótarfheithicilí agus gléasra soghluaiste	5 bliana	20% in aghaidh na bliana
Saintrealamh eile, lena n-áirítear soithí taighde	5 bliana go 10 mbliana	10-20% in aghaidh na bliana
Crua-earraí TF	5 bliana	20% in aghaidh na bliana
Trealamh eile	5 bliana	20% in aghaidh na bliana
Córais bogearraí oibriúcháin TF	5 bliana go 10 mbliana	10-20% in aghaidh na bliana
Bogearraí faighte agus forbartha agus ceadúnais fhaighte agus fhorbartha	5 bliana	20% in aghaidh na bliana

Ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais

Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm a chinntiú go mbíonn córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais á chothabháil agus á fheidhmiú ag an Roinn.

Déantar an fhreagracht sin a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní a bhíonn ar fáil dom agus i gcomhthéacs mo chuid oibleagáidí eile mar Ard-Rúnaí.

Ina theannta sin, ní fhéadfaidh aon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnach seachas dearbhú iomlán a thabhairt go gcumhdaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta agus go dtaifeadtar iad go cuí, agus go ndéantar earráidí nó mírialtachtaí ábhartha a chosc nó go mbraithfí in am trátha iad. Is próiseas leanúnach é córas na rialuithe inmheánacha airgeadais a chothabháil agus coinnítear an córas agus a éifeachtacht faoi athbhreithniú leanúnach.

Seirbhísí comhroinnte

Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam i dtaca le ceanglais an Chomhaontaithe Bainistíochta Seirbhísí idir an Roinn seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte maidir le seirbhísí comhroinnte acmhainní daonna agus párolla a sholáthar.

Bím ag brath ar litir dearbhaithe ó Oifigeach Cuntasáíochta na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte á rá go bhfuil na rialuithe cuí i bhfeidhm agus seirbhísí comhroinnte á soláthar don Roinn.

Timpeallacht rialaithe airgeadais

Tá timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na gnéithe seo a leanas mar chuid di.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socrúithe tuairiscithe ar gach leibhéal ar ar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun gníomhaíocht cheartaitheach chuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúcháireachta ann chun comhairle a chur orm maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí i ndáil leis an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.
- Taifeadadh nósanna imeachta le haghaidh gach príomhphróisis gnó.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta

Tá creat um nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú tráthrialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas tarmलगin agus cuntasachta.

- Go bhfuil córas buiséadaithe cuí ann lena ngabhann buiséad bliantúil a bhíonn faoi athbhreithniú ag an lucht ardbhainistíochta.
- Go ndéanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe tráthrialta ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla ina léirítear feidhmíocht airgeadais in aghaidh réamh-mheastachán.
- Go bhfeidhmíonn córas bainistíochta riosca laistigh den Roinn.
- Go bhfuil córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú.
- Go bhfuil treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadail ann.

Iniúchadh inmheánach agus Coiste Iniúcháireachta

Tá feidhm iniúcháireachta inmheánaí ag an Roinn le pearsanra atá oile go cuí, ar feidhm í a fheidhmíonn de réir cairt scríofa atá ceadaithe agam. Treoraíonn anailís ar na rioscaí airgeadais a bhfuil an Roinn nochta dóibh a cuid oibre agus bíonn a pleananna iniúcháireachta inmheánaí bliantúla, a bhíonn á gceadú agamsa i gcomhpháirt leis an gCoiste Iniúcháireachta, bunaithe ar an anailís sin. Tá sé d'aidhm leis na pleananna sin na príomhrialuithe a chumhdach ar bhonn leanúnach i gcaitheamh tréimhse réasúnach. Bíonn athbhreithniú á dhéanamh ar an bhfeidhm iniúcháireachta inmheánaí agamsa agus ag an gCoiste Iniúcháireachta go tréimhsiúil. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go ndéantar gníomhaíocht leantach de bhun thuarascálacha na feidhme iniúcháireachta inmheánaí.

Soláthar

Cinntíonn an Roinn go bhfuil béim chuí ann ar an dea-chleachtas soláthair agus na conarthaí uile á ndámhachtain agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíonfar na treoirlínte ábhartha uile.

Thug an Roinn mionsonraí faoi 16 chonradh neamhiomaíocha de bhreis ar €25,000 sa tuairisceán bliantúil i dtaca le ciorclán 40/2002 chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe.

Neamhchomhlíonadh rialacha soláthair

Chomhlíon an Roinn na treoirlínte ach amháin i gcás cúig chonradh agus páirtchonradh amháin de bhreis ar €25,000 (gan CBL a áireamh) dar luach €527,012 (gan CBL a áireamh) san iomlán, mar atá leagtha amach thíos.

- Trí chonradh dar luach iomlán €286,864 le haghaidh seirbhísí gairmiúla. Fadaíodh ceann amháin fad is a bhí próiseas soláthair nua á thabhairt chun críche, fadaíodh an dara ceann fad is a bhí seirbhísí á dtabhairt chun críche, agus fadaíodh an tríú ceann fad is a bhí próiseas earcaíochta á thabhairt chun críche. Tá na trí chonradh uile imithe in éag anois.
- Fadaíodh conradh amháin dar luach €47,782 le haghaidh seirbhísí freagartha glaonna chun an t-aistriú chuig conraitheoir nua a chumasú. Tá an conradh sin imithe in éag anois agus tá conraitheoir nua i bhfeidhm.
- Éilíodh conradh amháin dar luach €33,966 le haghaidh seirbhísí meán mar bheart práinne fad is a bhí an conradh faoi chreat na hOifige um Sholáthar Rialtais imithe in éag. Tá conradh nua faoin gcreat i bhfeidhm anois.
- Conradh amháin dar luach €158,400, lena n-áirítear sainseirbhísí comhairleacha, mar thaca leis an Lárionad Náisiúnta Cibearshlándála.

Cuireadh na conarthaí thuas san áireamh i dtuairisceán bliantúil 40/2002 dá dtagraítear thuas.

Creat riosca agus rialaithe

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Roinn lena ndéantar sainaitheint agus tuairisciú ar phríomhrioscaí agus ar na gníomhartha bainistíochta a dhéantar chun aghaidh a thabhairt orthu agus, a oiread agus is féidir, na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm lena sainaitheintear na príomhrioscaí a bhíonn roimh an Roinn agus rinneadh iad sin a shainaitheint, a mheas agus a ghrádú de réir a shuntasai atá siad. Déanann an Coiste Riosca agus an Bord Bainistíochta an clár a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn ráithiúil. Úsáidtear toradh na measúnachtaí sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh lena chinntiú go mbainistíofar rioscaí de réir leibhéal inghlactha.

Mionsonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na gníomhartha a theastaíonn chun maolú a dhéanamh ar rioscaí agus an fhreagracht a leagtar ar bhaill foirne shonracha as rialuithe a oibriú.

Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach

Cuireadh nósanna imeachta foirmiúla ar bun le haghaidh faireachán a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl go tráthúil dóibh sin atá freagrach as gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh agus don lucht bainistíochta agus don Bhord Bainistíochta/don Choiste Riosca, nuair is iomchuí.

Deimhním gur sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh a shainaithnítear a thuairisciú.

Athbhreithniú ar éifeachtacht

Tá nósanna imeachta ag an Roinn chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta um bainistíocht riosca agus rialú. Bíonn monatóireacht agus athbhreithniú na Roinne ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais á dtreorú ag obair na n-iniúcháirí inmheánacha agus seachtracha agus an lucht ardbhainistíochta laistigh den Roinn atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil.

Tá Plean Feabhsúcháin Bainistíochta Riosca, ar chomhaontaigh an Coiste Riosca agus an Bord Bainistíochta é i mí Iúil 2024, á chur chun feidhme ag an Roinn faoi láthair.

Saincheisteanna maidir le rialú inmheánach airgeadais

Comhlíonadh cánach

An 3 Márta 2020, thug Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim (na Coimisinéirí Ioncaim) fógra faoi chuairt láithreáin chun tuiscint a ghnóthú ar na próisis agus na córais atá i bhfeidhm ag an Roinn maidir le comhlíonadh cánach a chinntiú, maidir le sochar comhchineáil ar fheithiclí oifigiúla agus maidir le haon taifid eile de réir mar ba ghá.

Le linn na bliana 2020, d'fhostaigh an Roinn iniúcháirí seachtracha chun dhá iniúchadh a dhéanamh, a bhain leo seo: 1) conraitheoirí a úsáid laistigh den Roinn; agus 2) cleachtais bhainistíochta flít inar sainaithníodh saincheisteanna féideartha maidir le comhlíonadh cánach. Tugadh faisnéis do na Coimisinéirí Ioncaim faoi fhionnachtana an dá iniúchadh agus cuireadh in iúl dóibh go ndéanfadh an Roinn athbhreithniú cuimsitheach inmheánach cánach.

Thug an Roinn an t-eolas is deireanaí do na Coimisinéirí Ioncaim ar fud an phróisis, faoi dheireadh cuireadh na fionnachtana i láthair i mí Iúil 2022. Ag teacht sna sala air sin, rinne an Roinn nochtadh cáilitheach neamhordaithe arbh ionann é agus €44,466 san iomlán.

Bhí tuilleadh teagmhála leis na Coimisinéirí Ioncaim ann sna blianta 2023 agus 2024, agus tá an Roinn ag fanacht le freagra ó na Coimisinéirí Ioncaim.

Tar éis athbhreithniú ar an CBL a íocadh ar shonraisc a bhí faoi réir Cáin Conarthaí Iomchuí, rinne an Roinn teagmháil leis na Coimisinéirí Ioncaim an Roinn sa bhliain 2024 chun treoir a iarraidh maidir leis na rátaí CBL is infheidhme. Tar éis an treoir sin a fháil agus athbhreithniú ar an CBL a íocadh sna blianta 2021, 2022 agus 2023 a chur i gcrích mar a d'iarr na Coimisinéirí Ioncaim, sainaithníodh go raibh ganníocaíocht CBL ab ionann agus €21,727 ag an Roinn seo sa tréimhse sin. Tar éis tuilleadh teagmhála leis na Coimisinéirí Ioncaim, ríomhadh ús agus pionóis, agus íocadh íocaíocht iomlán €28,039 an 17 Meán Fómhair 2024.

Oonagh Buckley

Oifigeach Cuntasaíochta

Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide

28 Márta 2025

An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste Tuarascáil le cur faoi bhráid Dháil Éireann

Vóta 29 Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide Tuairim faoin gcuntas leithreasa

Rinne mé iniúchadh ar an gcuntas leithreasa do Vóta 29 Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

Is é mo thuairimse go gcuirtear i láthair go cuí

- sa chuntas leithreasa fáltais agus caiteachas Vóta 29 Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024, agus
- gur ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin.

An bonn leis an tuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúcháireachta (ISAnna) arna gcur i bhfeidhm ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúcháireachta. Déantar cur síos ar mo fheagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo. Táim neamhspleách ar an Roinn Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil agus chomhlíon mé mo chuid feagrachtaí eitiúla eile i gcomhréir leis na caighdeáin.

Creidim go bhfuil an fhianaise iniúchta atá aimsithe agam leordhóthanach agus cuí chun bunús a chur le mo thuairim.

Tuarascáil ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na feagrachtaí atá orm as tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo.

Neamhchomhlíonadh le rialacha soláthair

Nocht an tOifigeach Cuntasaíochta sa ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais go raibh leibhéal ábhartha neamhchomhlíontachta leis na rialacha náisiúnta soláthair i leith conarthaí a bhí i bhfeidhm in 2024.

Cailteanas mar gheall ar thrasuí mall na Treorach AE

I nóta 6.5 nochtar an íocaíocht leis an gCoimisiún Eorpach in 2024, nuair a íodadh fineáil a tháinig chun cinn mar gheall ar thrasuí mall na Treorach maidir leis an gCód um Chumarsáid Leictreonach Eorpach 2018 isteach i ndlí na hÉireann. Faoi airteagal 124 na Treorach, bhí gá le trasuí iomlán na mballstát faoi mhí na Nollag 2020.

I gcás na hÉireann, níor cuireadh i bhfeidhm an reachtaíocht riachtanach chun éifeacht a thabhairt don trasuí go dtí 2022 agus 2023. Cuireadh an ghné dheireanach den trasuí i gcrích i mí na Samhna 2023, lena bhforáiltear do tharchur rabhadh poiblí trí ghléasanna cumarsáide móibílí i gcás móréigeandála nó tubaiste. Sin beagnach trí bliana i ndiaidh an spriocdháta.

Sular cuireadh an próiseas trasuite i gcrích, bhí tús curtha ag an gCoimisiún le himeachtaí sáraithe in aghaidh na hÉireann i gCúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, imeachtaí a d'eascair as na moilleanna leanúnacha. An 14 Márta 2024, d'eisigh an Chúirt a breithiúnas agus gearradh fíneáil chnapshuime €4.5 mhilliún ar Éirinn mar gheall gur theip orthu an Treoir a thrasú in am.

Tuairisciú ar ábhair atá bainteach le Vóta 29

Áirítear le mo *Thuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí 2024* rannáin ina dtéitear i ngleic leis na cúrsaí seo a leanas a bhaineann le Vóta 29, nó le cistí arna riar ag an Roinn Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil.

- I gCaibidil 12 tugtar forbhreathnú ar an dul chun cinn atá á dhéanamh i dtreo spriocanna neodrachta aeráide a bhaint amach in Éirinn, agus na himpleachtaí féideartha airgeadais mura mbaintear na spriocanna amach.
- I gCaibidil 13 mínítear na cúinsí a bhaineann le cealú na gcreidmheasanna carbóin atá fágtha sa Chiste Carbóin reachtúil, rud a fhágann nach bhfuil an Ciste ag feidhmiú go bunúsach.
- I gCaibidil 23 tuairiscítear feidhmiú na rialuithe maidir leis na fáлтаis ó uasteorannú (sealadach) na n-ioncam ó dhíolacháin leictreachais sa tréimhse ó mhí na Nollag 2022 go mí an Mheithimh 2023, agus na forálacha a rinneadh chun úsáid a bhaint as na cistí atá á gcoinneáil i gCiste reachtúil an Chaipitlithe Mhargaidh.

Seamus MacCárthaigh

An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste

18 Mean Fomhair 2025

Aguisín a ghabhann le tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Freagrachtaí an Oifigigh Cuntasaíochta

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as an méid seo a leanas

- an cuntas leithreasa a ullmhú i gcomhréir le halt 22 den Exchequer and Audit Departments Act, 1866
- a áirithiú go mbeidh an cuntas leithreasa i gcomhréir le ceanglais na *Nósanna Imeachta um Airgeadas Poiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin agus le hordacháin eile ón Aire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin.
- rialtacht na n idirbheart a áirithiú, agus
- cibé rialú inmheánach a chur chun feidhme a chinneann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach chun ullmhú an chuntais leithreasa a chumasú, saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu de dheasca calaoise nó earráide.

Freagrachtaí an Ard Reachtair Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 3 d'Acht an Ard Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993 iniúchadh a dhéanamh ar an gcuntas leithreasa agus tuairisciú air sin do Dháil Éireann á rá cibé acu, i mo thuairimse, a chuirtear na fálaí agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair i gceart sa chuntas.

Is é an cuspóir atá agam agus an t iniúchadh á dhéanamh dearbhú réasúnach a fháil maidir le cé acu atá nó nach bhfuil an cuntas leithreasa saor ó mhíráiteas ábhartha de dheasca calaoise nó earráide. Tá dearbhú réasúnach ina ardleibhéal dearbhaithe, ach ní ráthaíocht atá ann go mbraithfear le hiniúchadh a dhéantar i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúcháireachta míráiteas ábhartha i gcónaí nuair is ann dó. Is féidir le míráitis eascairt as calaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha más rud é, ar bhonn aonair nó ar an gcomhiomlán, go bhféadfaí a mheas le réasún go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíocha úsáideoirí a dhéantar ar bhonn an chuntais leithreasa.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúcháireachta, feidhmím breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil ar feadh an iniúchta. Ar an dóigh sin,

- Sainiuthnám na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha a thabhairt ar an gcuntas leithreasa, agus déanaim measúnú air sin, cibé acu de dheasca calaoise nó earráide; dearaim agus feidhmím nósanna imeachta iniúcháireachta atá freagrach do na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúcháireachta atá leordhóthanach agus iomchuí chun bonn a sholáthar le mo tuairim. Tá riosca níos mó ag baint le gan míráiteas ábhartha a thagann as calaois a bhrath ná ceann a thagann as earráid a bhrath, ós rud é gur féidir go mbeidh claonpháirteachas, brionnú, neamhghníomhartha intinneacha, mífhaisnéisí nó sárú ar rialú inmheánach i gceist le calaois.
- Faighim tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha maidir leis an iniúchadh chun nósanna imeachta iniúcháireachta atá iomchuí sna himthosca a dhearadh, ach ní dhéanaim amhlaidh chun tuairim a léiriú ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na *Nósanna Imeachta um Airgeadas Poiblí* na Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin.

Aguisín a ghabhann le tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (ar leanúint)

Déanaim cumarsáid leis an Oifigeach Cuntasaíochta i leith, i measc ábhair eile, raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus torthaí iniúcháireachta suntasacha, lena n áirítear aon easnaimh shuntasacha sa rialú inmheánach a shainaithnínm le linn m'iniúchta.

Tuairiscím, mar eisceacht, más rud é, i mo thuairimse,

- Nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe uile a d'éiligh mé le haghaidh m'iniúchta, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun gur féidir iniúchadh a dhéanamh go fonnmhar agus i gceart ar an gcuntas leithreasa, nó
- nach bhfuil an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

Tuairisciú ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais

I dtaca le mo thuairim ar an gcuntas leithreasa, ní chlúdaítear ráiteas an Oifigigh Cuntasaíochta maidir le rialú inmheánach airgeadais, ná ní chuirim in iúl aon chineál conclúide dearbhaithe maidir leis sin.

I dtaca le m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúcháireachta an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, ar an dóigh sin, breithniú a dhéanamh ar cé acu atá an fhaisnéis atá ann ar neamhréir ábhartha leis an gcuntas leithreasa nó leis an eolas a fhaightear ann le linn an iniúchta, nó más cosúil gur tugadh míráiteas ábhartha ina leith. Más rud é, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go dtagaim ar an gconclúid go bhfuil míráiteas ábhartha ann, ceanglaítear orm an fóras sin a thuairisciú.

Tuairisciú ar ábhair eile

Féachaim le fianaise eile a fháil faoi rialtacht idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Ceanglaítear orm a thuairisciú, faoi alt 3 den Acht um Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, má shainaithnínm aon chás ábhartha inarb amhlaidh nár cuireadh airgead poiblí i bhfeidhm chun na gcríoch atá beartaithe nó inarb amhlaidh nach raibh idirbhearta i gcomhréir leis na húdaráis a rialaíonn iad.

Ceanglaítear orm freisin, faoi Acht 1993, tuarascáil a ullmhú gach bliain ar cibé ábhair a eascraíonn as mo chuid iniúchtaí ar na cuntais leithreasa a mheasaim a bheith iomchuí. Sna cásanna sin, leis na tuarascálacha iniúcháireachta ar na cuntais leithreasa ábhartha tagraítear don chaibidil nó do na caibidlí ábhartha i mo *Thuarascáil bliantúil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí*.

Vóta 29 Comhshaol, Aeráid agus Cumarsáid

Cuntas Leithreasa 2024

		2024		2023
		Soláthar meastacháin		Toradh
		€000	€000	€000
Caiteachas clár				
A	Gníomhú ar son na haeráide agus ceannaireacht comhshaoil			
	<i>Bunaidh</i>	138,319		
	<i>Géilleadh iarchurtha</i>	1,800		
	<i>Forlíontach</i>	1		
			140,120	127,776
B	Claochlú fuinnimh			115,894
	<i>Bunaidh</i>	544,012		
	<i>Forlíontach</i>	523,320		
			1,067,332	1,038,995
C	Forbairt an gheilleagair chiorclaigh		124,004	1,406,927
				87,311
D	Nascacht agus soláthar cumarsáide			
	<i>Bunaidh</i>	409,450		
	<i>Forlíontach</i>	30,000		
			439,450	466,958
				357,640
Ollchaiteachas				
	<i>Bunaidh</i>	1,215,785		
	<i>Géilleadh iarchurtha</i>	1,800		
	<i>Forlíontach</i>	553,321		
			1,770,906	1,733,812
				1,967,772
<i>Lúide</i>				
E	Leithreasaí-i-gcabhair		9,145	10,530
				17,762
Glanchaiteachas				
	<i>Bunaidh</i>	1,206,640		
	<i>Géilleadh iarchurtha</i>	1,800		
	<i>Forlíontach</i>	553,321		
			1,761,761	1,723,282
				1,950,010

Farasbarr

Dlítear farasbarr na suime a soláthraíodh, os cionn na glansuime a feidhmíodh, a ghéilleadh don Státchiste. Faoi alt 91 den Acht Airgeadais 2004, féadfar gach cuid nó aon chuid d'aon leithreasaí neamhchaite le haghaidh seirbhísí soláthair caipitil a thabhairt anonn lena caitheamh sa bhliain dár gcionn.

	2024	2023
	€	€
Farasbarr	38,478,911	44,041,462
Géilleadh iarchurtha	—	(1,800,000)
Farasbarr le géilleadh	38,478,911	42,241,462

Oonagh Buckley

Oifigeach Cuntasaíochta

Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide

28 Márta 2025

Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2024

	2024	2023
	€000	€000
Costas an chláir	1,666,141	1,910,644
Pá	55,318	43,615
Neamhphá	12,353	13,513
Ollchaiteachas	1,733,812	1,967,772
<i>Lúide</i>		
Leithreasaí-i-gcabhair	10,530	17,762
Glanchaiteachas	1,723,282	1,950,010
Athruithe ar shócmhainní caipitil		
<i>Réadmhaoin, gléasra agus trealamh (nóta 2.1)</i>		
Ceannacháin	(2,678)	
Dímheas	793	
Diúscairtí - airgead tirim	4	
Brabús ar dhiúscairtí	(4)	
	(1,885)	(2,714)
Athruithe ar ghlansócmhainní caipitil		
Laghdú ar fhardail	13	
Laghdú ar réamhíocaíochtaí	362,248	
Laghdú in ioncam fabhraithe	4,508	
Méadú ar ioncam iarchurtha	16,620	
Méadú ar sholáthairtí	150	
Laghdú ar speansais fhabhraithe	(1,164)	
	382,375	177,230
Caiteachas díreach	2,103,772	2,124,526
Caiteachas a iompraíodh in áit eile		
Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1)	16,439	18,140
Measchíosanna	1,584	1,584
Glanhostas an chláir	2,121,795	2,144,250

1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá an glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na suimeanna seo a leanas i ndáil le Vóta 29 a tabhaíodh in áit eile.

		2024	2023
		€000	€000
Vóta 9	Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim	62	60
Vóta 12	Aoisliúntas agus Liúntais Scoir	13,857	14,251
Vóta 13	Oifig na nOibreacha Poiblí	1,066	3,309
Vóta 18	An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte	76	63
Vóta 43	Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais	1,161	262
Vóta 20	An Garda Síochána	121	114
Lárchiste – pinsin airí		96	81
		16,439	18,140

Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2024			
	Nóta	2024 €000	2023 €000
Sócmhainní seasta			
Réadmhaoin, fearas agus trealamh	2.1	23,091	3,925
Sócmhainní doláimhsithe	2.2	—	—
		23,091	3,925
Sócmhainní reatha			
Banc agus airgead tirim	2.3	134,768	93,053
Fardail	2.4	138	151
Réamhíocaíocht creidmheasa leictreachais	2.5	257,939	610,988
Réamhíocaíochtaí eile	2.6	12,257	21,456
Ioncam fabhraithe	2.7	1,244	5,752
Iarmhéideanna dochair eile	2.8	1,547	214
		407,893	731,614
<i>Lúide</i>			
Dlíteanais reatha			
Soláthairtí	2.9	150	—
Speansais fhabhraithe	2.10	22,295	23,459
Ioncam iarchurtha	2.11	16,620	—
Iarmhéideanna creidmheasa eile	2.12	127,648	91,198
Glanmhaoiniú ón Státchiste	2.13	8,667	2,069
		175,380	116,726
Glansócmhainní reatha		232,513	614,888
Glansócmhainní		255,604	618,813
Arna léiriú ag:			
Cuntas maoinithe stáit	2.14	255,604	618,813

2.1 Réadmhaoin, gléasra agus trealamh ^a

	Talamh agus foirgnimh €000	Feabhsuithe léasachta €000	Trealamh oifige agus TF €000	Trealamh speisialta agus mótarfheithiclí €000	Sócmhainní atá á bhforbairt €000	Iomlán €000
Costas nó luacháil						
Ag an 1 Eanáir 2024	—	—	2,158	7,563	2,697	12,418
Breiseanna	—	3,046	1,932	117	(2,417)	2,678
Coigeartú athluachála	17,495	—	—	—	—	17,495
Diúscairtí	—	—	—	(21)	—	(21)
Coigeartú: tionscadal fíoraithe sócmhainní ^b	—	—	837	843	—	1,680
Coigeartú: tairseach tuairiscithe sócmhainní ^c	—	—	(971)	(58)	(280)	(1,309)
Ag an 31 Nollaig 2024	17,495	3,046	3,956	8,444	—	32,941
Dímheas carntha						
Ag an 1 Eanáir 2024	—	—	1,523	6,970	—	8,493
Dímheas don bhliain	—	20	489	284	—	793
Dímheas ar dhiúscairtí	—	—	—	(21)	—	(21)
Coigeartú: tionscadal fíoraithe sócmhainní ^b	—	—	732	843	—	1,575
Coigeartú: tairseach tuairiscithe sócmhainní ^c	—	—	(971)	(19)	—	(990)
Ag an 31 Nollaig 2024	—	20	1,773	8,057	—	9,850
Glansócmhainní						
Ag an 31 Nollaig 2024	17,495	3,026	2,183	387	—	23,091
Ag an 31 Nollaig 2023	—	—	635	593	2,697	3,925

Nóta ^a Is leagtha amach in Aguisín A atá na tailte agus na foirgnimh faoi úinéireacht an Stáit atá á rialú nó á mbainistiú ag an Roinn agus nach bhfuil aon luachálacha ag baint leo.

^b Rinneadh cleachtadh fíoraithe sócmhainní sa bhliain 2024 agus ba ghá coigeartú a dhéanamh chun sócmhainní a bhí as feidhm agus sócmhainní nach raibh ann a thuilleadh a bhaint agus chun sócmhainní a fuarthas i mblianta roimhe agus nár tuairiscíodh roimhe sin ar an bpríomhchlár sócmhainní seasta a chur leis.

^c Ar aon dul le ciorclán 21/2020 ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe, méadaíodh an tairseach le haghaidh sócmhainní caipitil a chur ar áireamh sa ráiteas faoin staid airgeadais go €10,000 le haghaidh sócmhainn aonair. Ghlac an Roinn an beartas sin sa bhliain 2023 agus baineann an coigeartú seo le luachanna sócmhainní aonair de bhun €10,000 a bhaint den chuntas, ar nithe iad a sainaithníodh sa bhliain 2024.

Luach cóir talún agus foirgneamh a mheas

Rinne Tailte Éireann an athluacháil is déanaí ar fhoirgnimh. Tá an luacháil éifeachtach amhail an 31 Nollaig 2024.

Déantar foirgnimh neamhspeisialaithe a luacháil ar a luach cóir trí fhianaise mhargadhbhunaithe a úsáid.

Áirítear cíosa margaidh agus rátaí caipitlithe le toimhdí suntasacha i luacháil an 31 Nollaig 2024.

Tá cíosa margaidh sa raon idir €81 agus €920 in aghaidh an mhéadair chearnaigh.

Is rátaí margadhbhunaithe toraidh iad rátaí caipitlithe agus tá siad sa raon idir 5.75% agus 8.5%.

2.2 Sócmhainní doláimhsithe

	Bogearraí faighte agus bogearraí forbartha €000	Iomlán €000
Costas nó luacháil		
Ag an 1 Eanáir 2024	8,087	8,087
Breiseanna	—	—
Coigeartú: tionscadal fíoraithe sócmhainní ^a	(131)	(131)
Coigeartú: tairseach tuairiscithe sócmhainní ^b	(303)	(303)
Ag an 31 Nollaig 2024	7,653	7,653
Amúchadh carntha		
Ag an 1 Eanáir 2024	8,087	8,087
Amúchadh don bhliain	—	—
Coigeartú: tionscadal fíoraithe sócmhainní ^a	(131)	(131)
Coigeartú: tairseach tuairiscithe sócmhainní ^b	(303)	(303)
Ag an 31 Nollaig 2024	7,653	7,653
Glansócmhainní		
Ag an 31 Nollaig 2024	—	—
Ag an 31 Nollaig 2023	—	—

- Nóta ^a Rinneadh cleachtadh fíoraithe sócmhainní sa bhliain 2024 agus ba ghá coigeartú a dhéanamh chun sócmhainní a bhí as feidhm agus sócmhainní nach raibh ann a thuilleadh a bhaint den chuntas.
- ^b Ar aon dul le ciorclán 21/2020 ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe, méadaíodh an tairseach le haghaidh sócmhainní caipitil a chur ar áireamh sa ráiteas faoin staid airgeadais go €10,000 le haghaidh sócmhainn aonair. Ghlac an Roinn leis an mbeartas sin sa bhliain 2023 agus baineann an coigeartú seo le luachanna sócmhainní aonair de bhun €10,000 a bhaint den chuntas, ar nithe iad a sainaithníodh sa bhliain 2024.

2.3 Banc agus airgead tirim

ag an 31 Nollaig	2024	2023
	€000	€000
Iarmhéid agus airgead tirim ag an bPámháistir Ginearálta	100,256	31,081
Iarmhéid an Chiste Náisiúnta Éifeachtúlachta Fuinnimh	31,021	55,935
Ciste an Chláir Bonneagair Peitríliam	3,491	6,037
	134,768	93,053

2.4 Fardail

ag an 31 Nollaig	2024	2023
	€000	€000
Trealamh	3	19
Foilseacháin	135	132
	138	151

2.5 Réamhíocaíocht creidmheasa leictreachais

Mar gheall ar an ardú i bpraghsanna fuinnimh idirnáisiúnta agus ar an éifeacht iarmhartach do chustaiméirí baile, cheadaigh an Rialtas Scéimeanna Sochar Éigeandála Costais Leictreachais sna blianta 2022 agus 2023. Mar gheall ar na hardphraghsanna leantacha sa bhliain 2024, thug an Rialtas an ceathrú scéim isteach ina gcuirfí dhá íocaíocht ab fhiú €114.68 an ceann (gan CBL a áireamh) do shochar do bhreis agus 2.2 milliún cuntas leictreachais baile idir mí na Nollag 2024 agus mí Feabhra 2025.

Sa bhliain 2024, d'íoc an Roinn €519.952 milliún faoin gceathrú scéim. Dáileadh €257.939 milliún (2024: €610.988 milliún) den tsuim sin ar chuntais leictreachais baile aonair sa bhliain 2025.

2.6 Réamhíocaíochtaí eile

ag an 31 Nollaig	2024	2023
	€000	€000
Riarachán	49	1,021
Seirbhísí agus tacaíochtaí TF	1,243	649
Réamhíocaíocht clár sonrach	10,965	19,786
	12,257	21,456

2.7 Ioncam fabhraithe

ag an 31 Nollaig	2024	2023
	€000	€000
Sonraisc dleachta mianadóireachta	1,003	3,755
Sonraisc féichiúnaithe eile	241	1,997
	1,244	5,752

2.8 Iarmhéideanna dochair eile

ag an 31 Nollaig	2024	2023
	€000	€000
Tuarastail ball foirne ar iasacht	43	123
Párolla	1,381	—
Fionraí eile	123	91
	1,547	214

2.9 Soláthairtí

Rinneadh soláthar €150,000 do chostais dlí nár íocadh fós (2023: nialas).

2.10 Speansais fhabhraithe

ag an 31 Nollaig	2024	2023
	€000	€000
Seirbhísí agus tacaíochtaí TF	129	385
Riarachán	591	309
Fabhrú clár sonrach	18,080	22,765
Fabhruithe a bhaineann le párolla (nóta 2.21)	3,495	—
	22,295	23,459

2.11 Ioncam iarchurtha

ag an 31 Nollaig	2024
	€000
Ceadúnais imeall trá ^a	16,620
	16,620

Nóta ^a Baineann an t-ioncam iarchurtha is ionann agus €16.6 milliún le híocaíochtaí a fuarthas roimh ré ón mbliain 2010 i leith le haghaidh ceadúnais imeall trá a eisiúint le haghaidh tréimhsí fadtéarmacha suas le 99 mbliana. Aistríodh an fhreagracht as an gclár imeall trá go foirmiúil ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht chuig an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide an 14 Bealtaine 2024 faoi I.R. 236 de 2024 – An tOrdú Imeall Trá (Riarachán Roinne agus Feidhmeanna Aire a Aistriú), 2024.

2.12 Iarmhéideanna creidmheasa eile

ag an 31 Nollaig	2024	2023
	€000	€000
Suimeanna atá dlite don Stát		
Cáin shiarchoinneálach	870	1,024
Cáin bhreisluacha	1,296	922
Fáltais ón státhiste (nóta 4.3)	81,056	20,727
ÍMAT/ÁSPC	1,652	1,186
	84,874	23,859
Fionraí		
An Ciste Náisiúnta Éifeachtúlachta Fuinnimh (nóta 7.2)	31,021	55,935
Ciste an Chláir Bonneagair Peitriliam (nóta 7.1)	3,491	6,037
An Lárionad Náisiúnta Comhordúcháin agus Forbartha um Chibearshlándáil – maoiniú AE	3,034	3,019
Seirbhís freagartha do ghlaonna éigeandála	1,293	1,543
Scéimeanna freagrachta leathnaithe táirgeora – ranníocaíochtaí ó tháirgeoirí le haghaidh bruscar a ghlanadh suas	1,718	—
An Ciste um Ghníomhú ar son na hAeráide	1,360	—
Eile	857	805
	42,774	67,339
	127,648	91,198

2.13 Glanmhaoiniú ón Státchiste

ag an 31 Nollaig	2024	2023
	€000	€000
Farasbarr le géilleadh	38,479	42,241
Géilleadh iarchurtha	—	1,800
Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh	(29,812)	(41,972)
Glanmhaoiniú ón Státchiste	8,667	2,069
Arna léiriú ag:		
Féichiúnaithe		
Banc agus airgead tirim	134,768	93,053
larmhéideanna dochair: fionraí	1,547	214
	136,315	93,267
Creidiúnaithe		
Dlite don Stát	(84,874)	(23,859)
larmhéideanna creidmheasa: fionraí	(42,774)	(67,339)
	(127,648)	(91,198)
	8,667	2,069

2.14 Cuntas maoinithe stáit

	Nóta	2024	2023
		€000	€000
larmhéid ag an 1 Eanáir		618,813	793,691
Eisíocaíochtaí ón Vóta			
Soláthar meastacháin	Cuntas	1,761,761	
Géilleadh iarchurtha	Cuntas	—	
Farasbarr le géilleadh	Cuntas	(38,479)	
Glanvóta		1,723,282	1,950,010
Caiteachas a iompraíodh in áit eile	1.1	16,439	18,140
Míreanna neamhairgid			
Glanchoigearuithe ar shócmhainní caipítíl	2.1	(214)	
Measchíos	1	1,584	
		1,370	1,222
Glanchostas an chláir	1	(2,121,795)	(2,144,250)
		238,109	618,813
Aithint chéaduaire réadmhaoine, fearais agus trealaimh	2.1	17,495	—
larmhéid ag an 31 Nollaig		255,604	618,813
Cúlchiste ginearálta		238,109	618,813
Cúlchiste athluachála		17,495	—
Cuntas maoinithe stáit		255,604	618,813

2.15 Ceangaltais

	2024	2023
a) Ceangaltais dhomhanda	€000	€000
ag an 31 Nollaig		
Soláthar earraí agus seirbhísí ^a	—	—
Cláir deontas caipitil	535,247	395,224
Tionscadail agus cláir chaipitil	1,777,372	2,214,275
Iomlán na gceangaltas is in-fhorfheidhmithe le dlí	2,312,619	2,609,499
b) Cláir deontas caipitil	€000	€000
Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir	395,224	313,573
Ceangaltais maidir le deontais nua	450,449	316,950
Deontais a focadh sa bhliain	(272,961)	(183,283)
Deontais a cealaíodh	(37,465)	(52,016)
Iarmhéid deiridh ag an 31 Nollaig	535,247	395,224

Nóta ^a Tháinig athrú ar fhiigiúr comparáideach na bliana 2023 le haghaidh soláthar earraí agus seirbhísí ó chuntas leithreasa na bliana 2023, ag teacht sna sála ar thuilleadh treorach a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe maidir leis an gceanglas nochta sin.

c) Mórthionscadail chaipitil ina bhfuil luach an tionscadail níos airde ná €10 milliún

Clár/ tionscadal	Caiteachas			Costas tionscadail saolré ionchais	
	Go dtí an 31 Nollaig 2023	In 2024	Ceangailte ach	2024	2023
	€000	€000	€000	€000	€000
Postchóid náisiúnta	33,628	2,878	6,600	43,106	41,029
An Plean Náisiúnta Leathanbhanda	623,898	401,267	1,672,475	2,697,640	2,698,300
INFOMAR ^a	67,627	4,970	4,757	77,354	77,693
Tellus ^b	31,288	3,578	4,562	39,428	40,425
Scéim Maoiniúcháin an Líonra Postoifigí	9,702	10,044	10,000	29,746	29,702
	766,143	422,737	1,698,394	2,887,274	2,887,149

- Nóta ^a Clár náisiúnta suirbhéireachta is ea INFOMAR lena ndéantar mapáil ar ghrinneall farraige na hÉireann agus lena dtugtar sonraí bonnlíne faoi earnáil mhuirí na hÉireann.
- ^b Clár náisiúnta suirbhéireachta is ea Tellus lena mbailítear sonraí geofisiceacha agus geoiceimiceacha ar fud na hÉireann trí shuirbhéireacht gheoifisiceach ón aer agus úsáid á baint as aerárthaí atá ag eitilt go híseal agus trí shuirbhéireacht gheoiceimiceach thalamhbhunaithe ar ithir, ar uisce srutháin agus ar dhríodar srutháin.

Difríochtaí suntasacha

Tugtar míniú thíos i dtaca le haon mhórchéangaltas ina bhfuil athrú is mó ná €1,000,000 tagtha ar an gcaiteachas ionchais iomlán i gcomparáid leis an mbliain 2023.

Postchóid náisiúnta

Méadú ar chéangaltas ionchais iomlán: €2.077 milliún

Tá an méadú ina léiriú ar fhadú chonradh an tSealbhóra Ceadúnais Bainistíochta Postchód go ceann trí bliana go dtí mí na Nollag 2026, mar a cheadaigh an Chomh-Aireacht. Leis an méadú sa chaiteachas ionchais iomlán, cumhdaítear tréimhse ama trí bliana déag anois, i gcodarsnacht leis an meastachán deich mbliana bunaidh.

2.16 Dlíteanais theagmhasacha

D'fhéadfadh dlíteanais airgeadais teacht chun cinn sa bhliain 2025 agus sna blianta ina diaidh, ag brath ar thorthaí caingne dlí, bíodh siad ar siúl, ar feitheamh nó féideartha, lena n-áirítear caingne dlí de chuid an Aontais Eorpaigh. Ní féidir na suimeanna atá i gceist a chinneadh ag an bpointe seo.

D'fhéadfadh dlíteanais airgeadais a bheith ann freisin dá dteipfeadh ar Éirinn a laghduithe astaíochtaí gás ceaptha teasa agus a spriocanna fuinnimh a chomhlíonadh, ar nithe iad atá sainordaithe ag an Aontas Eorpach. I bhfianaise na n-éiginnteachtaí éagsúla atá ann, ní féidir an dlíteanas féideartha don Státchiste a chainníochtú go beacht ag an am seo.

2.17 Léasanna oibriúcháin

ag an 31 Nollaig	2024 €000
Caiteachas léasa réadmhaoine ^a	124

- Nóta ^a Tá an léas sin inchealaithe. Ní raibh aon léasanna neamh-inchealaithe ann sa bhliain. Chomh maith leis sin, ní raibh aon chíosanna teagmhasacha iníoctha agus ní raibh aon íocaíochtaí foléasa infhaighte.

2.18 Feabhsúchán talún

Tabhaíonn an Roinn costais i dtaca le mianaigh stairiúla, go háirithe in Abhóca, Contae Chill Mhantáin. Baineann caiteachas le cothabháil agus le hathshlánú, agus le hoibreacha sábháilteachta de réir mar is gá, agus le monatóireacht comhshaoil ag Abhóca agus ag Béal Átha Gabhann, rud a thuairiscítear faoi fho-mhírcheann C.3.

	Caiteachas go deireadh 2023 €000	Caiteachas in 2024 €000	Ceangaltas conartha €000	Iomlán €000
Abhóca	5,232	218	—	5,450
Béal Átha Gabhann	11,190	—	—	11,190
Monatóireacht comhshaoil	1,913	176	556	2,645
Oibreacha éigeandála eile	45	8	—	53
	18,380	402	556	19,338

2.19 Cibearshlándáil

Tá an Roinn freagrach as an mbeartas cibearshlándála in Éirinn agus as an Lárionad Náisiúnta Cibearshlándála, a bhainistíonn freagairt an Stáit do theagmhais chibearshlándála agus a thógann athléimneacht ar fud an bhonneagair chriticiúil agus an rialtais. Déantar caiteachas a bhaineann leis an gcibearshlándáil a thuairisciú faoin gclár nascachta agus soláthar cumarsáide atá léirithe thíos, agus costais riaracháin a bheith á n-íoc ó fho-mhírcheann D.1 agus D.2 agus ó mhaoiniú oibríochtúil a soláthraíodh trí fho-mhírcheann D.6.

	2024 €000	2023 €000
Riarachán – pá	6,189	5,024
Riarachán – neamhphá	296	257
Oibríochtaí	8,789	8,284
	15,274	13,565

2.20 Caiteachas ar chláir iarfheistithe agus ar chláir éifeachtúlachta fuinnimh de réir na scéime, 2024

	2024 Meastachán €000	2024 Toradh €000
B.4 Cláir iarfheistithe chónaithe/pobail		
Tithe Fuinnimh Níos Fearr	61,800	50,116
Fuinneamh Níos Fearr, Tithe Níos Teo	210,248	230,447
Pobail Fuinnimh Níos Fearr	45,300	41,430
Giniúint éilimh – iarfheistiú náisiúnta	1,050	1,128
Iarfheistiú domhain	500	192
An Scéim Grianphainéal Fótvoltach	54,680	65,314
An Scéim Grianphainéal Fótvoltach – teaghlaigh atá leochaileach ó thaobh na liachta de	16,203	754
Tacaíochtaí RFF	2,000	1,500
Ciste Gnómhachtaithe Pobail	3,950	2,620
Ionaid ilfhreastail a fhorbairt	45,850	33,044
Scéim Tacaíochta Leictreachais In- athnuaite – Pobail	1,617	437
An Scéim um Oibleagáid Éifeachtúlachta Fuinnimh – Reatha	1,150	1,218
	444,348	428,200
	€000	€000
B.5 Cláir éifeachtúlachta fuinnimh eile		
Éifeachtúlacht Fuinnimh Gnó	2,310	2,652
Fuinneamh In-athnuaite Gnó	2,925	2,672
Faireachas ar an margadh	1,500	1,076
Éifeachtúlacht fuinnimh na hearnála poiblí	2,000	2,433
Treo-Aimsitheoir SEAI/FSS (REPowerEU)	—	3,980
Idirchaidreamh leis an lucht tionscail (EXEED)	3,000	1,143
Scoileanna	200	226
Seó Fuinnimh	120	77
Micrighiniúint neamhbhaile	150	161
Micrighiniúint neamhbhaile – tráchtála	—	64
An Scéim Uasghráduithe Fuinnimh Gnó	120	39
	12,325	14,523

2.21 Tionchar na n-athruithe i bpolasaithe cuntasaióchta sa bhliain 2024

Cuireadh naoi gcaighdeán cuntasaióchta rialtais láir (CGAS) nua chun feidhme le héifeacht ón 1 Eanáir 2024 i leith. Rinne an cur chun feidhme an difear seo a leanas d'iarmhéid an chuntais maoinithe Stáit.

	2024
	€000
Aithint chéaduaire réadmhaoine, gléasra agus trealamh ^a	17,495
Soláthairtí ^b	(150)
Fabhrú saoire ^c	(1,537)
Fabhrú párolla ^c	(1,953)
	13,855
Nóta ^a CGAS 17 Réadmhaoin, Fearas agus Trealamh	
^b CGAS 19 Forálacha, Dliteanais Theagmhasacha agus Sócmhainní Teagmhasacha	
^c CGAS 39A Sochair Fostaithe Cuid A	

Nóta 3
Caiteachas an Vóta

Anailís ar chaiteachas riaracháin

Cionroinneadh an caiteachas riaracháin atá leagtha amach thíos ar na cláir uile chun costálacha iomlána na gclár a chur i láthair.

		2024		2023
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
i	Tuarastail, pá agus liúntais	56,153	55,318	43,615
ii	Taisteal agus cothú	1,378	1,868	1,379
iii	Oiliúint agus forbairt	809	847	524
iv	Seirbhísí oibriúcháin, soláthairtí agus trealamh ilghnéitheach	2,183	1,901	1,978
v	Infheistíocht chaipitil dhigitigh agus costais TF	6,548	4,348	3,892
vi	Costais áitribh	2,007	1,563	2,294
vii	Athbhreithnithe ar pholasaithe, seirbhísí comhairleoireachta agus taighde	3,712	1,826	3,446
		72,790	67,671	57,128

Difríochtaí suntasacha

Cuirtear i láthair sa nóta seo na cúiseanna le difríochtaí suntasacha (+/- 25% agus €100,000) i gcaiteachas riaracháin

- ii
Taisteal agus cothú

Soláthar meastacháin €1.378 milliún; toradh €1.868 milliún

Baineann an caiteachas breise €490,000 go príomha leis an méadú suntasach ar an líon foirne. De bhreis air sin, chun ullmhú d'Uachtaránacht an Aontais Eorpaigh, bhí méadú ann sa taisteal a bhaineann leis an Aontas Eorpach ar fud na Roinne maidir le treoracha AE agus le cruinnithe gaolmhara eile.
- v
Infheistíocht chaipitil dhigitigh agus costais TF

Soláthar meastacháin €6.548 milliún; toradh €4.348 milliún

Baineann an gannchaitheamh €2.2 milliún leo seo a leanas go príomha:

 - costais a bhí níos lú ná mar a bhíodhas ag súil leis maidir leis an athlonnú chuig an bhfoirgneamh nua i dTor an Bhacaigh, rud a cuireadh i gcrích sa bhliain 2024
 - tionscadal mór infheistíochta caipitil ar uasghrádú crua-earraí a rabhthas ag súil leis go ndéanfaí é sa bhliain 2024 agus ar tháinig moill air fad is a bhíodhas ag fanacht le foilsíú an chreata nua ón Oifig um Sholáthar Rialtais.

vii Athbhreithnithe ar pholasaithe, seirbhísí comhairleoireachta agus taighde

Soláthar meastacháin €3.712 milliún; toradh €1.826 milliún

Baineann an gannchaitheamh €1.886 milliún go príomha le caiteachas ar roinnt comhairleachtaí a bheith níos lú ná mar a bhíodhas ag súil leis agus le roinnt comhairleachtaí ar tháinig moill orthu.

Clár A Gníomhú ar son na hAeráide agus Ceannaireacht Comhshaoil

		2024		2023
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
A.1	Riarachán – pá	9,104	8,969	7,633
A.2	Riarachán – neamhphá	2,689	2,002	2,352
A.3	An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil	46,623	45,799	44,430
A.4	Taighde comhshaoil agus aeráide	17,100	16,717	16,173
A.5	An Ciste Carbóin	—	—	2,905
A.6	Ceangaltais athraithe aeráide idirnáisiúnta	26,500	26,500	26,408
A.7	Tionscnaimh aeráide	9,500	9,672	9,132
A.8	An Ciste um Aistriú Cóir (Éire agus an tAontas Eorpach)			
	<i>Bunaidh</i>	24,163		
	<i>Forlíontach</i>	(439)		
		23,724	15,328	5,118
A.9	An Ciste um Oileán Comhroinnte			—
	<i>Bunaidh</i>	200		
	<i>Géilleadh iarchurtha</i>	1,800		
		2,000	77	—
A.10	Síntiúis le heagraíochtaí idirnáisiúnta	2,440	2,279	1,743
A.11	An Ciste um Aistriú Cóir			
	<i>Bunaidh</i>	—		
	<i>Forlíontach</i>	440		
		440	433	—
		140,120	127,776	115,894

Difríochtaí suntasacha

Seo a leanas na cúiseanna a bhí le difríochtaí suntasacha i gcaiteachais chláir nár chaiteachais riaracháin iad (+/- 5% agus €100,000).

A.8 An Ciste um Aistriú Cóir (Éire agus an tAontas Eorpach)

Soláthar meastacháin €24.163 milliún; toradh €15.328 milliún

Baineann an gannchaitheamh €8.835 milliún leo seo a leanas go príomha:

- Scéim éileamhthreoraithe is ea an Ciste náisiúnta um Aistriú Cóir. Cinntear caiteachas faoin gCiste le cumas na dtionscadal dáfa chun garspriocanna a chomhlíonadh agus chun íostarraingtí a chur faoi bhráid na Roinne. Ní raibh roinnt tionscadal in ann a spriocanna a chomhlíonadh, rud ba chúis le gannchaitheamh sa bhliain 2024.
- Cur chun feidhme moillithe na Scéime Tacaíochta Straitéisí Fiontar Áitiúil agus Réigiúnach (Ciste an Aontais Eorpaigh um Aistriú Cóir) mar gheall ar a raibh i gceist leis an bpróiseas roghnaithe tionscadal, le fothú acmhainneachta, agus le dréachtú na doiciméadachta riaracháin. Rinneadh dul chun cinn suntasach sa bhliain 2024, áfach: soláthraíodh trí ghlaó cistiúcháin agus ceadaíodh 42 thionscadal le haghaidh cistiúcháin, dá bhfuil 32 cheann faoi chomhaontú deontais agus a bhfuil comhaontuithe deontais ar siúl maidir le deich gcinn díobh. Is mar thoradh air sin a mhéadófar caiteachas go mór sa bhliain 2025.

A.9 An Ciste um Oileán Comhroinnte

Soláthar meastacháin €2 mhilliún; toradh €77,000

Thóg an chéim conraitheoireachta idir na húdaráis áitiúla agus comhpháirtithe Thuaisceart Éireann níos mó ama ná mar a bhíodhas ag súil leis, rud a d'fhág nach raibh roinnt tionscadal in ann tarraingt anuas sa bhliain 2024 mar a bhí beartaithe.

A.10 Síntiúis le heagraíochtaí idirnáisiúnta

Soláthar meastacháin €2.440 milliún; toradh €2.279 milliún

Tháinig an gannchaitheamh €161,000 chun cinn go príomha toisc go raibh caiteachas ar shíntiúis níos lú ná mar a bhíodhas ag súil leis agus mar gheall ar an uair a rinneadh íocaíocht ar chlár comhshaoil na Náisiún Aontaithe.

A.11 An Ciste um Aistriú Cóir

Soláthar meastacháin €nialas; toradh €433,000

Leithdháileadh €440,000 trí mheastachán forlíontach le fo-mhírcheann nua A.11 chun an Coimisiún Eorpach a aisíoc as réamh-mhaoiniú a fuarthas mar chuid de Chiste an Aontais Eorpaigh um Aistriú Cóir.

Clár B Claochlú Fuinnimh

		2024		2023
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
B.1	Riarachán – pá	16,645	16,397	13,630
B.2	Riarachán – neamhphá	4,917	3,662	4,200
B.3	Údarás Fuinnimh	30,159	29,029	25,171
	Inmharthana na hÉireann – riarachán agus costais ghinearálta			
B.4	Cláir iarfheistithe chónaithe/pobail	444,348	428,200	320,357
B.5	Cláir éifeachtúlachta fuinnimh eile			
	<i>Bunaidh</i>	12,325		
	<i>Forlíontach</i>	3,320		
		15,645	14,523	93,386
B.6	Cláir fuinnimh eile (náisiúnta/idirnáisiúnta)	5,910	4,009	3,846
B.7	Cláir um thaighde ar fhuinneamh	25,445	20,719	18,010
B.8	Seirbhísí gáis	45	20	45
B.10	Íocaíocht faoin scéim pinsean aonair le CRU	6	—	—
B.11	Creidmheas leictreachais			
	<i>Bunaidh</i>	—		
	<i>Forlíontach</i>	520,000		
		520,000	519,952	926,140
B.12	Sintiús le heagraíochtaí idirnáisiúnta	550	563	318
B.14	Téamh ceantair a rialáil	662	—	234
B.15	An Scéim Ráthaíochta lasachta iarfheistithe Chónaithe	3,000	1,921	1,590
		1,067,332	1,038,995	1,406,927

Difríochtaí suntasacha

Seo a leanas na cúiseanna a bhí le difríochtaí suntasacha i gcaiteachais chláir nár chaiteachais riaracháin iad (+/- 5% agus €100,000).

B.5 Cláir éifeachtúlachta fuinnimh eile

Soláthar meastacháin €12.325 milliún; toradh €14.523 milliún

Sa bhliain 2024, ceadaíodh maoiniú faoi Phlean Náisiúnta Téarnaimh agus Athléimneachta na hÉireann, rud lena n-áirítear an clár REPowerEU a ceadaíodh le haghaidh infheistiú i dTreoirthionscadal Treo-Aimsitheora Fuinnimh agus Dícharbónaithe de chuid Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) thar ceann na Roinne Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide agus ar thacaigh FSS agus SEAL leis. Soláthraíodh meastachán forlíontach chun cistí a leithdháileadh chun an caiteachas sin a sheasamh faoi fho-mhírcheann B.5. Clúdaíodh an méadú sin ar chaiteachas go páirteach le gannchaitheamh €1.8 milliún sa scéim idirchaidrimh leis an lucht tionscail (EXEED) toisc go raibh moill ar roinnt tionscadail mhóra.

B.6 Cláir fuinnimh eile (náisiúnta/idirnáisiúnta)

Soláthar meastacháin €5.910 milliún; toradh €4.009 milliún

Tháinig an gannchaitheamh €1.901 milliún chun cinn go príomha mar gheall ar choigiltí costais ar sheirbhísí comhairleachta a bhí ag teastáil faoi na réimsí seo a leanas sa bhliain 2024: foinsí fuinnimh in-athnuaite amach ón gcósta, foinsí fuinnimh in-athnuaite ar talamh; agus slándáil an tsoláthair.

B.7 Cláir um thaighde ar fhuinneamh

Soláthar meastacháin €25.445 milliún; toradh €20.719 milliún

Baineann an gannchaitheamh €4.726 milliún go príomha leis an moill a bhí ar thionscadal fuinnimh aigéin a phróifiligh ceannach a dhéanamh ar phíosa trealaimh chéadfaigh a úsáidtear le haghaidh suirbhéireacht a dhéanamh i spás muirí (LiDAR ar Snámh). Ba iad na moilleanna ar an bpróiseas soláthair sin mar gheall ar chostais a bheith níos mó ná mar a bhíodhas ag súil leis ba chúis leis an gcaitheamh sin a bheith curtha siar go dtí an bhliain 2025.

B.11 Creidmheas leictreachais

Soláthar meastacháin €nialas; toradh €519.952 milliún

Mar gheall ar an ardú i bpraghsanna fuinnimh idirnáisiúnta agus ar an éifeacht iarmhartach do chustaiméirí baile, cheadaigh an Rialtas Scéimeanna Sochar Éigeandála Costais Leictreachais sna blianta 2022 agus 2023. Mar gheall ar na hardphraghsanna leantacha sa bhliain 2024, thug an Rialtas an ceathrú scéim isteach ina gcuirfí dhá fócaíocht ab fhiú €114.68 an ceann (gan CBL a áireamh) do shochar do bhreis agus 2.2 milliún cuntas leictreachais baile idir mí na Nollag 2024 agus mí Feabhra 2025. Ós rud é gur bheart éigeandála é sin, níor cuireadh costas na scéime sin ar áireamh sa mheastachán bunaidh le haghaidh na Roinne agus soláthraíodh é trí mheastachán forlíontach.

B.14 Téamh ceantair a rialáil

Soláthar meastacháin €662,000; toradh €nialas

Tuigeadh ar dtús gur ceapadh an Coimisiún um Rialáil Fónais (CRU) mar Rialálaí Lónraí Téimh Ceantair le I.R. 350 de 2022, rud lenar trasúodh an Treoir maidir le Fuinneamh In-athnuaite, 2018. Mar chuid d'athbhreithniú ar an Ionstraim Reachtuil, áfach, chuir aonad dlí na Roinne an tuairim in iúl nach ndearnadh CRU a ainmniú go soiléir ná a cheapadh go sonrach mar rialálaí téimh ceantair agus fuaraithe ceantair agus nár tugadh do CRU an fheidhm faoi alt 9 den Acht um Rialáil Leictreachais, 1999, is gá chun airgead poiblí a réamhíoc.

Tá obair ar bun chun CRU a cheapadh i gceart mar Rialálaí Líonraí Téimh Ceantair trí reachtaíocht phríomha chun an bunús dlí a thabhairt le hairgead a réamhíoc le CRU, ar airgead é a theastaíonn uaidh chun a fheidhmeanna rialála líonraí téimh ceantair a chomhlíonadh.

B.15 An Scéim Ráthaíochta Iasachta Iarfheistithe Chónaithe

Soláthar meastacháin €3 mhilliún; toradh €1.921 milliún

Baineann an difríocht leis an Scéim Iasachta Uasghrádaithe Fuinnimh Tí a bheith á seoladh i mí Aibreáin 2024, in ionad í a thosú i mí Eanáir mar a beartaíodh ar dtús. Bhí sé sin amhlaidh mar gheall ar an obair a bhí ag teastáil chun na comhaontuithe dlíthiúla éagsúla atá mar bhonn agus taca ag an scéim a thabhairt chun críche agus chun bunú a dhéanamh ar shocruithe oibriúcháin ba ghá chun seoladh na Scéime a éascú. B’ísle ná mar a bhíodhas ag súil leis freisin a bhí na costais dlí agus na costais a tabhaíodh ar obair díchill chuí a cuireadh i gcrích sa bhliain 2024 ach nár sonrascadh go dtí an bhliain 2025.

Clár C Forbairt an Gheilleagair Chiorclaigh

		2024		2023
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
C.1	Riarachán – pá	15,390	15,161	11,108
C.2	Riarachán – neamhphá	4,595	3,386	3,423
C.3	Seirbhísí mianadóireachta agus peitríliam	2,946	702	761
C.4	Caillteanais suirbhéireachta geolaíochta	14,800	14,374	12,064
C.5	Iascaigh Intíre	37,887	37,925	36,973
C.6	Cláir bainistíochta dramhaíola	35,140	22,817	22,848
C.7	Síntiúis le heagraíochtaí idirnáisiúnta	135	134	134
C.8	Inbhuanaitheacht comhshaoil	500	—	—
C.9	Imeall Trá	2,611	253	—
C.10	Pleanáil spáis mhuirí	2,200	568	—
C.11	An tÚdarás Rialála Limistéir Mhuirí	7,800	4,763	—
		124,004	100,083	87,311

Difríochtaí suntasacha

Seo a leanas na cúiseanna a bhí le difríochtaí suntasacha i gcaiteachais chláir nár chaiteachais riaracháin iad (+/- 5% agus €100,000).

C.3 Seirbhísí mianadóireachta agus peitрилiam

Soláthar meastacháin €2.946 milliún; toradh €702,000 milliún

Baineann an gannchaitheamh €2.244 milliún go príomha le rátaí laghdaithe d'eastóscadh mianraí príobháideacha ag cuideachtaí mianraí faoi shaoráidí mianadóireachta stáit, rud ba chúis le híocaíochtaí cúitimh a rinneadh le húinéirí ceart mianraí i ndáil le mianraí príobháideacha a bhí níos ísle ná mar a bhíodhas ag súil leis, go háirithe Mianaigh Theamhrach a bheith 'faoi chúram agus faoi chothabháil' ar feadh an-chuid den bhliain 2024, ar lena linn nár cuireadh aon ghníomhaíochtaí mianadóireachta ar siúl.

Soláthraíodh cuid den chaiteachas próifílithe le haghaidh oibreacha éigeandála freisin. De réir a gcineáil, tagann na hoibreacha sin chun cinn ar bhealach dothuartha. Níor tháinig siad chun cinn sa bhliain 2024.

C.6 Cláir bainistíochta dramhaíola

Soláthar meastacháin €35.140 milliún; toradh €22.817 milliún

Bhain an gannchaitheamh €12.323 milliún leo seo a leanas go príomha: (i) maoiniú a leithdháileadh ar roinnt láithreán le haghaidh feabhsúchán líontaí talún gan a bheith íostarraingthe toisc nach ndearnadh dul chun cinn ar na hoibreacha ar an luas réamh-mheasta; agus (ii) an dul chun cinn ar leathnú na bPríomhúdarás Réigiúnach um Fhorfheidhmiú Dramhaíola (WERLAnna) a bheith níos moille ná mar a bhíodhas ag súil leis, mar gheall ar fhadhbanna earcaíochta go páirteach.

C.8 Inbhuanaitheacht comhshaoil

Soláthar meastacháin €500,000; toradh €nialas

Soláthraíodh an maoiniú seo d'Íascach Intíre Éireann i ndáil leis an Tionscadal um Dheireadh a Chur le Bacainní. Tar éis an phróisis meastachán athbhreithnithe, comhaontaíodh go raibh maoiniú don tionscadal sin le soláthar ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht, rud a d'fhág nár tabhaíodh aon chaiteachas ón bhfo-mhírcheann seo sa bhliain 2024.

C.9 Imeall Trá

Soláthar meastacháin €2.611 mhilliún; toradh €253,000

Tháinig an gannchaitheamh €2.358 milliún chun cinn go príomha toisc gur lú ná mar a bhíodhas ag súil leis a bhí na costais réamh-mheasta a bhain le socraíochtaí dlí. Baineadh coigiltí costais breise amach ar chostais eile a bhain le riar na feidhme imeall trá, mar thoradh ar bhunú an Údaráis Rialála Limistéir Mhuirí i mí Iúil 2023, rud a d'fhág nach raibh na cumhachtaí ag an Aire a thuilleadh chun glacadh le hiarratais nua faoin Acht Imeall Trágha. Féadfaidh an tAire leanúint de chinntí a dhéanamh maidir le hiarratais atá ar siúl chun iad a thabhairt chun críche, agus éilítear leis an bpróiseas um dheireadh a chur de réir a chéile leis na feidhmeanna imeall trá go mbainistítear líon laghdaithe iarmharach iarratas ar fud an phróisis measúnachta imeall trá go dtí a chur i gcrích.

C.10 Pleanáil spáis mhuirí

Soláthar meastacháin €2.200 milliún; toradh €568,000

Aistríodh an clár um pleanáil spáis mhuirí ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht chuig an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide trí aistriú feidhmeanna i mí na Bealtaine 2024. Ba é an t-aistriú sin ba chúis le moilleanna ar an gcaitheamh ionchais ar an gclár sa bhliain 2024.

C.11 An tÚdarás Rialála Limistéir Mhuirí

Soláthar meastacháin €7.800 milliún; toradh €4.763 milliún

Tháinig an gannchaitheamh €3.037 milliún chun cinn mar gheall ar na nithe seo a leanas: (i) costas pá a bhí níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis, rud ba chúis le fadhbanna maidir le baill foirne a earcú agus a ionduchtú chuig an údarás; (ii) moilleanna ar chostais bheartaithe tionscadail neamhphá, lena áiríodh feistiú oifige, costais ceadúnúcháin bunachar sonraí agus costais tacaíochta seachtraí deartha; (iii) earcaíocht a bhí níos moille ná mar a bhíothas ag súil leis sna costais ghaolmhara TF neamhphá agus sna costais eile a bhaineann le foireann, ar costais iad nár tháinig chun cinn sa bhliain 2024.

Clár D Nascacht agus Soláthar Cumarsáide

		2024		2023
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
D.1	Riarachán – pá	15,014	14,791	11,245
D.2	Riarachán – neamhphá	4,436	3,303	3,537
D.3	An Plean Náisiúnta Leathanbhanda			
	<i>Bunaidh</i>	343,500		
	<i>Forlíontach</i>	30,000		
		373,500	409,851	290,100
D.4	Bonneagar cumarsáide eile	9,350	6,859	3,527
D.5	Cláir gheilleagair dhigitigh eile	8,950	8,752	8,107
D.6	An Lárionad Náisiúnta Cibearshlándála	10,700	8,789	8,284
D.7	Seirbhís foláireamh éigeandála	3,000	69	42
D.8	Cúlchiste Coigeartaithe Brexit – An Post	—	—	23,096
D.9	An Líonra Postoifigí	10,000	10,044	9,702
D.10	Comhlíonadh AE	4,500	4,500	—
		439,450	466,958	357,640

Difríochtaí suntasacha

Seo a leanas na cúiseanna a bhí le difríochtaí suntasacha i gcaiteachais chláir nár chaiteachais riaracháin iad (+/- 5% agus €100,000).

D.3 An Plean Náisiúnta Leathanbhanda

Soláthar meastacháin €343.500 milliún; toradh €409.851 milliún

Chun oibleagáidí conartha an Aire a chomhlíonadh, méadaíodh soláthar buiséid an Phlean Náisiúnta Leathanbhanda le cistiú breise, lenar áiríodh meastachán forlíontach €30 milliún agus vírmint €40 milliún.

Lean Leathanbhanda Náisiúnta Éireann de dhul chun cinn suntasach a dhéanamh ar imscaradh líonra an Phlean Náisiúnta Leathanbhanda sa bhliain 2024 agus d'fhosaigh sé níos mó áitreabh ná an sprioc a comhaontaíodh le Leathanbhanda Náisiúnta Éireann. Tá tionchar ag uainiú na n-éileamh ó Leathanbhanda Náisiúnta Éireann ar leibhéal na n-íocaíochtaí a bhaineann leis an bPlean Náisiúnta Leathanbhanda. Tá íocaíochtaí bainteach go díreach le garspriocanna an chláir a bhaint amach, agus léirítear sa toradh iarbhrí don bhliain 2024 an dul chun cinn suntasach a rinneadh.

D.4 Bonneagar cumarsáide eile

Soláthar meastacháin €9.350 milliún; toradh €6.859 milliún

Baineann an gannchaitheamh €2.491 milliún go príomha leo seo a leanas:

- (i) Moilleanna ar an bhfoireann aistrithe le haghaidh thionscadal Eircode na Chéad Ghlúine Eile 2026 a fháil toisc gur athraíodh an beartú tosaíochta maidir le planáil tionscadail. Tá an Roinn ag sainaitheint oibrítheoir fadtéarmach Eircode faoi láthair trí athbhreithniú straitéiseach.
- (ii) Moill ar sheoladh an cheadúnais earnála poiblí mar gheall ar athbhreithnithe dlíthiúla. (Leis an gceadúnas earnála poiblí, soláthraítear bunachar sonraí iomlán Eircode atá saor in aisce ag críoch an phointe úsáide do chomhlachtaí earnála poiblí.)
- (iii) Caiteachas moillithe faoin tionscadal EuroQCI mar gheall ar nósanna imeachta oibríochta a thabhairt chun críche le comhpháirtithe an chuibhreannais.
- (iv) Gannchaitheamh faoin tionscadal comhairleachta cáblaí fomhuirí, rud ar cuireadh moill air mar gheall ar raon breise a bheith curtha leis an tionscadal, rud a d'fhág go raibh moill ann ina dhiaidh sin ar chaidreamh a dhéanamh leis an gcomhairleoir seachtrach.

D.6 An Lárionad Náisiúnta Cibearshlándála

Soláthar meastacháin €10.700 milliún; toradh €8.789 milliún

Baineann an gannchaitheamh €1.911 milliún le moilleanna ar an gceanncheathrú nua don Lárionad Náisiúnta Cibearshlándála a thabhairt chun críche, rud a rinne difear do chaiteachas beartaithe ar bhonneagar teicneolaíochta agus ar thionscadail eile.

D.7 Seirbhís foláireamh éigeandála

Soláthar meastacháin €3 mhilliún; toradh €69,000

Baineann an gannchaitheamh €2.931 milliún leis an moill ar chéim soláthair an tionscadail mar gheall ar an gcomhairle saineolais a bhí ag teastáil chun cabhrú leis an gcóras a fháil trí sholáthar.

Nóta 4 Fáltais

4.1 Leithreasáí-i-gcabhair

		2024		2023
		Measta €000	Réadaithe €000	Réadaithe €000
1	Fáltais ó fhíneálacha de bharr coireanna iascaigh intíre	50	43	41
2	Fáltais faoin Acht Forbairte Minearál 1940 agus faoin Acht um Fhorbairt Pheitríliam agus Mianraí Eile 1960	2,772	2,938	11,287
3	An Grúpa Tacaíochta um Bonneagar Peitríliam	210	—	17
4	Ioncam ó Shuirbhéireacht Gheolaíochta Éireann	300	267	290
5	Cíos ar réadmhaoín in Ard-Oifig an Phoist	223	87	292
6	Ranníocaíochtaí pinsín ó ghníomhaireachtaí	340	383	461
7	Fáltais ó ranníocaíocht aoisliúntais breise ar luach saothair seirbhíse poiblí	3,600	5,055	4,242
8	Fáltais ó chuntais dhíomhaoine	500	40	—
9	Fáltais imeall trá	150	131	—
10	Fáltais ilghnéitheacha (nóta 4.2)	1,000	1,586	1,132
		9,145	10,530	17,762

Difríochtaí suntasacha

Seo a leanas na cúiseanna a bhí le difríochtaí suntasacha i leithreasáí-i-gcabhair (+/- 5% agus €100,000).

2 Fáltais faoin Acht Forbairte Minearál 1940 agus faoin Acht um Fhorbairt Pheitríliam agus Mianraí Eile 1960

Soláthar meastacháin €2.772 milliún; réadaithe €2.938 milliún

Baineann an farasbarr €166,000 leis an ioncam comhaontaithe mianadóireachta oidhreacht a bhí fágtha ó na blianta 2021 agus 2022, a aisghabhadh sa bhliain 2024.

- 3

An Grúpa Tacaíochta um Bonneagar Peitiriliam

Soláthar meastacháin €210,000; réadaithe €nialas

Mar thoradh ar fhoirceannadh foirmiúil an Ghrúpa Tacaíochta um Bonneagar Peitiriliam, a tháinig i bhfeidhm ar an 1 Iúil 2021, ní bhfuarthas sa bhliain 2024 aon fháltais ó íocaíochtaí faoin gClár Bonneagair Peitiriliam a bhí thar téarma nó amuigh.
- 5

Cíos ar réadmhaoine in Ard-Oifig an Phoist

Soláthar meastacháin €223,000; réadaithe €87,000

Baineann an laghdú €136,000 in ioncam cíosa le híocaíocht i leith sonraisc ón mbliain 2024 gan a bheith faighte go dtí an bhliain 2025.
- 7

Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais breise ar luach saothair seirbhíse poiblí

Soláthar meastacháin €3.600 milliún; réadaithe €5.055 milliún

Baineann an farasbarr €1.455 milliún go príomha le méadú sa líon ball foirne sa Roinn agus i ngníomhaireachtaí.
- 8

Fáltais ó chuntais dhíomhaoine

Soláthar meastacháin €500,000; réadaithe €40,000

Níor theastaigh ó lascach Intíre Éireann ach maoiniú €40,000 ó chuntais dhíomhaoine agus, dá bhrí sin, níor tarraingíodh ach an tsuim sin anuas ó Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta tríd an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe. Tá an tsuim €460,000 atá fágtha le tarraingt anuas sa bhliain 2025.
- 10

Ilghnéitheach

Soláthar meastacháin €1 mhilliún; réadaithe €1.586 milliún

Baineann an farasbarr €586,000 leo seo a leanas: (i) aisghabháil ró-íocaíochtaí tuarastail agus speansas ó bhlianta roimhe a bhí níos mó ná mar a bhíodhas ag súil leis; agus (ii) roinnt aisíocaíochtaí a fuarthas ó chomhlachtaí eile, arb aisíocaíochtaí iad a bhain le blianta roimhe agus nach rabhthas in ann iad a chlúdach faoin bhfo-mhír caiteachais.

4.2 Fáltais ilghnéitheacha

	2024	2023
	€000	€000
Dleachtanna i dtaca le líonraí achar cathrach	1,083	1,002
Dearbhú na Coiribe	23	25
Costais a aisghabhadh ó chomhlachtaí eile	345	46
Fáltais ó dhiúscairt sócmhainní seasta	4	13
Aisghabháil ró-íocaíochtaí tuarastail agus speansas ó bhlianta roimhe	130	45
Eile	1	1
	1,586	1,132

4.3 Fáltais bhreise is iníoctha leis an Státhiste

	2024	2023
	€000	€000
Iarmhéid ag an 1 Eanáir	20,727	—
Fáltais ón scéim i ndáil le trádáil astaíochtaí ^a	137,021	156,707
Ducht teileachumarsáide na Gaillimhe-Mhaigh Eo	293	306
Íostarraingt bhannaí feidhmíochta RESS	6,391	2,146
Aisíocaíocht mhaoiniú neamhúsáidte na Scéime um Shochar Éigeandála Costas Leictreachais ^b	58,558	22,611
Tobhaigh bhliantúla le haghaidh toilithe limistéir mhuirí	—	7,249
Géilleadh deonach tuarastal Aire	21	21
Díol talún (Imeall Trá agus MARA)	1,811	—
Aisíocaíochtaí bliana roimhe a fuarthas sa bhliain 2024	1,154	—
Aistrithe chuig an Státhiste	(144,920)	(168,313)
Iarmhéid ag an 31 Nollaig	81,056	20,727

- Nóta ^a Is ionann €137,021 milliún agus glansciar na hÉireann d'fháltais a d'eascair as liúntais a chur ar ceant i Scéim Trádála Astaíochtaí an Aontais Eorpaigh sa bhliain 2024; ollsuim €138,814 milliún sula ndearnadh íocaíocht €1.793 milliún as caiteachais leis an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, a riarann an scéim d'Éirinn.
- ^b Tugadh maoiniú do Líonraí BSL agus do dhá sholáthraí leictreachais eile sa bhliain 2023 faoin tríú Scéim um Shochar Éigeandála Costas Leictreachais. Thug Líonraí BSL cistí neamhúsáidte ar ais sa bhliain 2024 ab ionann agus €58.377 milliún, lenar áiríodh ús bainc a tuilleadh a bhí cothrom le €4.05 milliún, agus thug dhá sholáthraí eile €180,687 ar ais.

Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

5.1 Líon na bhfostaithe

Coibhéisí lánaimseartha	2024	2023
Líon foirne ag deireadh na bliana		
Roinn	799	646
Gníomhaireachtaí ^a	1,191	1,066
	1,990	1,712

Nóta ^a Is iad na gníomhaireachtaí a áirítear anseo ná an Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach, Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann, Iascach Intíre Éireann, Gníomhaireacht na Lochanna, an tÚdarás Rialála Limistéir Mhuirí agus an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil. Baineann na sonraí pá gníomhaireachta atá ar áireamh i nótaí 5.2 agus 5.3 thíos leis na gníomhaireachtaí céanna sin.

5.2 Pá

Luach saothair na foirne uile (Roinn agus gníomhaireachtaí) ^a	2024	2023
	€000	€000
Pá	124,898	102,943
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	420	543
Liúntais eile	1,593	1,576
Ragobair	66	40
ÁSPC an Fhostóra	12,661	10,300
Scaoilfocaíochtaí	34	228
Pá iomlán	139,672	115,630

Luach saothair fhoireann na Roinne

	2024	2023
	€000	€000
Pá	50,154	39,337
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	223	328
Ragobair	34	23
ÁSPC an Fhostóra	4,873	3,699
Scaoilfocaíochtaí	34	228
Pá iomlán	55,318	43,615

Luach saothair fhoireann na ngníomhaireachtaí		
	2024	2023
	€000	€000
Pá	74,744	63,606
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	197	215
Liúntais eile	1,593	1,576
Ragobair	32	17
ÁSPC an Fhostóra	7,788	6,601
Pá iomlán	84,354	72,015

Nóta ^a Tagraíonn na socruithe luach saothair do ghné an phá d’fho-mhírchinn A.1, A.3, B.1, B.3, C.1, C.5, C.11, D.1 agus D.5. Áirítear leis na figiúirí seo airgead neamhvótáilte lena chinntiú go gcomhlíontar treoirlínte ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe (ciorclán 20 de 2024).

5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

	Líon na bhfaighteoirí	Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó	An íocaíocht aonair is airde	
			2024	2023
			€	€
Foireann na Roinne				
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	46	7	32,051	34,172
Liúntais eile	—	—	—	—
Ragobair	15	—	6,138	8,345
Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin	7	1	9,034	16,545
Foireann na ngníomhaireachtaí				
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	63	2	14,159	20,586
Liúntais eile	293	3	12,451	10,131
Ragobair	26	—	4,559	3,807
Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin	45	4	13,427	16,879

5.4
Bandaí pá fhostaithe na Roinne

Tá líon na bhfostaithe de chuid na Roinne a raibh a sochair iomlána fostaithe (lena n-áirítear bunphá, liúntais agus ragobair, gan ÁSPC an fhostóra agus costais phinsin an fhostóra a áireamh) don bhliain airgeadais idir €20,000 agus €59,999 agus a tháinig faoi gach banda €10,000 ó €60,000 ar aghaidh mar a leanas.

Bandaí pá (€)		Líon fostaithe	
Ó	Go	2024	2023
20,000	59,999	392	329
60,000	69,999	86	74
70,000	79,999	67	70
80,000	89,999	80	62
90,000	99,999	53	37
100,000	109,999	31	18
110,000	119,999	20	14
120,000	129,999	8	6
130,000	139,999	7	2
140,000	149,999	1	1
150,000	159,999	—	3
160,000	169,999	3	2
170,000	179,999	2	3
180,000	189,999	3	1
190,000	199,999	—	1
200,000	209,999	1	—
250,000	259,999	1	—

5.5
Luach saothair agus sochair an Oifigh Cuntasaíochta

Bhí luach saothair agus sochair inchánach an Oifigh Cuntasaíochta don bhliain airgeadais mar a leanas.

	2024	2023
	€000	€000
Bunphá Oonagh Buckley	250	74
Scaoilíocaíocht le Mark Griffin	—	228
Bunphá Mark Griffin (go dtí mí Mheán Fómhair 2023)	—	157
	250	459

Níl luach na sochar scoir a tuilleadh sa bhliain ar áireamh san fhigiúr thuas. Tá an tOifigeach Cuntasaíochta ina chomhalta den scéim aoisliúntais tar éis 1995 do státseirbhísigh bhunaithe agus ní théann a teidlíochtaí chun sochair scoir thar théarmaí caighdeánacha na scéime pinsean sin.

5.6 Socruithe eile maidir le luach saothair

locadh tuarastal €85,165 le linn na bliana 2024 le státseirbhíseach scortha a earcaíodh trí chomórtas oscailte sa bhliain 2019 agus ar tugadh ardú céime dó ina dhiaidh sin trí chomórtas oscailte sa bhliain 2022. Deonaíodh tarscaoileadh laghdaithe na Roinne Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe go dtí mí Iúil 2024 don oifigeach sin, agus fadú le ceadú ag an Roinn sin.

Áirítear sa chuntas seo caiteachas €734,292 i dtaca le cúigear oifigeach a bhí ag fónamh taobh amuigh den Roinn ar feadh na bliana 2024 ar fad nó ar feadh cuid di agus ar íoc an Roinn a dtuarastail.

Ní áirítear sa chuntas seo caiteachas i dtaca le 24 oifigeach a bhí ag fónamh taobh amuigh den Roinn ar feadh na bliana 2024 ar fad nó ar feadh cuid di i ranna/oifigí eile Rialtais.

5.7 Scaoilíocaíochtaí

Sa bhliain 2024, d'éirigh Comhairleoir Speisialta d'Aire na Roinne seo as agus fuair sé scaoilíocaíocht agus íocaíocht iomarcaíochta ab ionann agus €33,566. Bhí an íocaíocht sin comhsheasmhach le téarmaí na socruithe scaoilíocaíochtaí atá leagtha amach don 33^ú Dáil.

5.8 Ró-íocaíochtaí párolla

ag an 31 Nollaig	Líon na bhfaighteoirí	2024 €	2023 €
Ró-íocaíochtaí	68	195,942	159,702
Pleananna aisghabhála i bhfeidhm	8	49,012	69,414

Nóta 6 Ilghnéitheach

6.1 Maoiniú ón Aontas Eorpach

Áirítear leis an toradh atá léirithe i bhfo-mhírchinn A.8, B.4, B.5 agus C.4 íocaíochtaí i leith gníomhaíochtaí a gcómhaoiníonn an tAontas Eorpach iad trí thionscadail éagsúla atá leagtha amach thíos.

Fo-mhírcheann	Ciste Aontais Eorpaigh	Toradh		Maoiniú a fuarthas	
		2024 €000	2023 €000	2024 €000	2023 €000
A.8 An Ciste um Aistriú Cóir (Éire agus an tAontas Eorpach)	Ciste an Aontais Eorpaigh um Aistriú Cóir ^a	7,494	1,153	—	—
B.4 Cláir iarfheistithe chónaithe/pobail	CFRE ^a	66,638	34,216	—	—
B.5 Cláir éifeachtúlachta fuinnimh eile	REPowerEU ^a	3,980	—	—	—
B.7 Cláir um thaighde ar fhuinneamh	ERA-Net ^b	—	77	—	—
C.4 Suirbhéireacht gheolaíochta	Clár Fís an Aontais Eorpaigh	18	119	50	109
C.4 Suirbhéireacht gheolaíochta	Interreg	—	135	124	75

De bhreis ar an méid thuas, fuarthas na suimeanna seo a leanas isteach i gcuntais fionraí					
Fionraí	NCC IE	116	2	—	1,600
Fionraí	Líonra Cyber CORE	27	—	—	1,421
Fionraí	TrustBoost	—	—	158	—

Nóta ^a An caiteachas ar fad a nochtar faoi Chiste an Aontais Eorpaigh um Aistriú Cóir, faoi CFRE agus faoi REPowerEU (atá ina chuid den Phlean Náisiúnta Téarnaimh agus Athléimneachta), tá sé mar chuid de na hiarratais ghinearálta ar íocaíochtaí a gcuirfidh Éire ina hiomláine iad faoi bhráid an Aontais Eorpaigh. Tabharfar ar ais don Státchiste go díreach aon chistí a gheofar ó na sruthanna cistiúcháin AE sin.

^b Maidir le haisíocaíochtaí a fhaightear ón Aontas Eorpach ar thionscadail ERA-Net, aisíoctar iad le SEAI go díreach agus taispeántar iad ina gcuntais mar ioncam AE

6.2 Calaois agus calaois amhrasta

Tá an Roinn ar an eolas faoi líomhain calaoise amhrasta i leith soláthraí seirbhíse a bhí ag fáil maoiniú deontais sa bhliain 2021. Tá an cás sin á imscrúdú fós ag na húdaráis chuí, agus tá an Roinn ag fanacht leis an toradh a fháil.

6.3 Costais chúitimh agus dlí

Íocaíochtaí/costais a d’íoc an Roinn sa bhliain				
	Éilimh a rinne		Iomlán 2024	Iomlán 2023
	Fostaithe	Daoine den phobal		
Líon na gcásanna	—	4	4	5
	€000	€000	€000	€000
Íocaíochtaí a rinne an Roinn/a rinneadh thar a ceann				
Cúiteamh	—	—	—	36
Costais dlí	—	439	439	567
Iomlán 2024 ^b	—	439	439	603
Iomlán 2023	10	593		603

Nóta

a

Ag an 31 Nollaig 2024, bhí 33 chás dlíthíochta ginearálta gan réiteach fós.

b

Socraíodh na cásanna uile sa bhliain 2024. Is ionann na figiúirí atá léirithe agus na costais iomlána ar thabhaigh an Roinn iad i ndáil leis na cásanna sin.

6.4 Íocaíochtaí úis dhéanaigh

	2024	2023
	€	€
Íocaíochtaí úis	30,588	47,116

6.5 Fíneáil ón Aontas Eorpach

Leis an Acht um Rialáil Cumarsáide agus um Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach (Leasú), 2023, agus le Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Cód Cumarsáide Leictreonaí), 2022, trasúíodh an Treoir maidir leis an gCód um Chumarsáid Leictreonach Eorpach ina hiomláine, seachas Airteagal 110. Trasúíodh an t-airteagal sin le Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Cód Cumarsáide Leictreonaí) (Córas Rabhaidh Poiblí), 2023 (I.R. 583 de 2023), a shínigh an tAire ina ndlí an 29 Samhain 2023. Tugadh fógra don Choimisiún faoi chur chun feidhme an Chórais Rabhaidh Phoiblí agus faoi thrasuí iomlán an Chóid an 30 Samhain 2023.

An 8 Feabhra 2024, fuair Éire fógra á rá gur dheimhnigh an Coimisiún do Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh go ndéantar leis an reachtaíocht ar tugadh fógra fúithi Airteagal 110 a thrasuí ar bhealach iomlán agus gur chomhlíon Éire go hiomlán na hoibleagáidí atá uirthi faoin gCód um Chumarsáid Leictreonach Eorpach amhail an 1 Nollaig 2023. Ar an mbonn gur thrasuigh Éire an Treoir maidir leis an gCód go hiomlán, tharraing an Coimisiún siar an iarraidh uaidh sa chás sáraithe go bhforchuirfí fíneáil laethúil pionóis.

An 14 Márta 2024, d'fhorchuir an Chúirt Eorpach fineáil chnapshuime €4.5 milliún as mainneachtain an Treoir maidir leis an gCód um Chumarsáid Leictreonach Eorpach a thrasúf in am agus as mainneachtain fógra a thabhairt don Choimisiún Eorpach faoin trasuí. Tar éis fógra a fháil ó Choimisiún an Aontais Eorpaigh, íodadh an fhíneáil an 4 Iúil 2024. Dhún an Coimisiún na himeachtaí sáraithe go foirmiúil an 3 Deireadh Fómhair 2024. Níl aon fhéidearthacht bhreise ann go bhforchuirfí fineálacha i leith na saincheiste sin.

Nóta 7 Cuntais ilghnéitheacha

7.1 Ciste an Chláir Bonneagair Peitríliam

Ráiteas faoi fháltais agus íocaíochtaí Chiste an Chláir Bonneagair Peitríliam don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2024.

	2024	2023
	€000	€000
Iarmhéid ag an 1 Eanáir	6,037	6,065
Fáltais	—	168
Íocaíochtaí	(2,546)	(196)
Iarmhéid ag an 31 Nollaig	3,491	6,037

Bhunaigh an Roinn an Clár Bonneagair Peitríliam (CBP) sa bhliain 1997 chun tacú le gníomhaíochtaí taiscéalaíochta agus forbartha hidreacarbón a chur chun cinn. Maoiníodh é le ranníocaíochtaí ó chuideachtaí a bhfuil údaruithe peitríliam acu le haghaidh limistéir amach ó chósta na hÉireann.

Ag teacht sna sála ar an ráiteas ón Rialtas i mí Mheán Fómhair 2019, rinneadh an cinneadh deireadh a chur leis an gClár Bonneagair Peitríliam de réir a chéile. Dá bhrí sin, níltear ag eisiúint aon iarrataí ranníocaíochta bliantúla nua le haghaidh an chláir sin amhail an 1 Iúil 2021.

Déantar fáltais amuigh maidir leis an gciste CBP ó íocaíochtaí a sonrascadh roimh an dáta sin a thaifeadadh mar leithreasaí-i-gcabhair agus íoctar isteach sa chiste iad trí mheán fho-mhírcheann C.3.

Déanann an Oifig Rialaithe Geo-Eolaíochta sa Roinn riar ar an gciste faoi láthair.

Tháinig méadú as cuimse ar íocaíochtaí ón CBP le linn na bliana mar gheall ar an líon tionscadal taighde fuinnimh in-athnuaite amach ón gcósta ar tugadh fúthu sa bhliain 2024.

7.2 An Ciste Náisiúnta Éifeachtúlachta Fuinnimh

Ráiteas faoi fháltais agus íocaíochtaí an Chiste Náisiúnta Éifeachtúlachta Fuinnimh don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2024.

	2024	2024	2023
	Meastachán	lomlán	
	próifíle ^a		
	€000	€000	€000
Iarmhéid ag an 1 Eanáir		55,935	124,263
Fáltais ó IEEI		—	322
Fáltais ó cheannach amach creidmheasanna fuinnimh		26,728	—
An feachtas ‘Úsáid Níos Lú’	(2,283)	(805)	(5,225)
Cláir iarfheistithe chónaithe/pobail	—	—	(10,825)
Cláir éifeachtúlachta fuinnimh gnó	(5,800)	(3,837)	—
Scéim iasachta an chéad chaillteanais	(47,000)	(47,000)	(52,600)
Iarmhéid ag an 31 Nollaig		31,021	55,935

Nóta ^a Is ionann an meastachán próifíle agus an buiséad de chuid na Roinne a cuireadh i leataobh le haghaidh na gclár agus na scéimeanna sin sa bhliain 2024.

Difríochtaí suntasacha

Seo a leanas na cúiseanna a bhí le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas ar an gClár Náisiúnta Éifeachtúlachta Fuinnimh (+/- 5% agus €100,000).

Bhí an caiteachas sa bhliain €3.441 milliún níos ísle ná mar a próifíliodh ar dtús.

An feachtas ‘Úsáid Níos Lú’

Meastachán próifíle €2.283 milliún; toradh €805,000

Cistíodh Úsáid Níos Lú, feachtas faisnéise agus cumarsáide poiblí maidir le héifeachtúlacht fuinnimh, tríd an gCiste Náisiúnta Éifeachtúlachta Fuinnimh sa bhliain 2024. Tháinig an difríocht €1.478 milliún i gcaiteachas chun cinn mar gheall ar an bhfríic gurb amhlaidh, de réir an chleachtais chaighdeánaigh, a cuireadh gach feachtas fógraíochta agus cumarsáide ar feitheamh sa cheathrú ráithe den bhliain 2024 le linn tréimhse ina raibh feachtas olltoghcháin ar siúl agus ina raibh rialtas á fhoirmiú. De ghnáth, ba í sin an tréimhse ba ghníomhaí don fheachtas Úsáid Níos Lú, ar lena linn a thugtar aghaidh ar úsáid fuinnimh agus ar éifeachtúlacht fuinnimh le linn thréimhse téimh an gheimhridh.

Cláir Éifeachtúlachta Fuinnimh Gnó

Meastachán próifíle €5.8 milliún; toradh €3.837 milliún

Ag teacht sna sála ar fhoilsiú Imleabhar na Meastachán Athbhreithnithe, dheonaigh an tAire cead faoi alt 10(2) de Rialacháin an Aontais Eorpaigh (an Scéim Oibleagáidí um Éifeachtúlacht Fuinnimh), 2014 (I.R. 131 de 2014), chun €5.8m ón gCiste Náisiúnta Éifeachtúlachta Fuinnimh a úsáid chun scéimeanna gnó caipitil SEAI a chistiú (EXEED: €2 mhilliún; an Scéim Tacaíochta le haghaidh Teas In-athnuaite (SSRH): €2 mhilliún; an Scéim Éifeachtúlachta Fuinnimh Gnó: €1.8 milliún). Bhí na cistí a bhí le húsáid le bheith ar an iarmhéid neamhcheangailteach a bhí fágtha ó dhíbhinní IEEI a fuarthas i mblianta roimhe.

Baineann an difríocht €1.963 milliún leo seo a leanas: (i) nuashonruithe ar théarmaí agus coinníollacha na Scéime Tacaíochta le haghaidh Teas In-athnuaite, a rabhthas ag súil leis go méadódh siad tuilleadh an glacadh le tacaíochtaí na scéime, ach níor ceadaíodh iad sa bhliain 2024 mar a bhíodhas ag súil leis; (ii) gannchaitheamh €1.8 milliún sa Scéim Idirchaidrimh leis an Lucht Tionscail (EXEED) toisc go raibh moill ar roinnt tionscadail mhóra mar gheall ar imthosca aonair neamhthuartha.

Scéimeanna a cómhaoiníodh idir an Ciste Náisiúnta Éifeachtúlachta Fuinnimh agus Vóta 29

	2024		
	B.5 Vóta	CNÉF	Iomlán
	€000	€000	€000
Éifeachtúlacht Fuinnimh Gnó	2,652	1,875	4,527
Fuinneamh In-athnuaite Gnó (Scéim Tacaíochta le haghaidh Teas In-athnuaite)	2,672	957	3,629
Idirchaidreamh leis an Lucht Tionscail (EXEED)	1,143	1,005	2,148
	6,467	3,837	10,304

Scéim Iasachta an Chéad Chaillteanais

Meastachán próifíle €47 milliún; toradh €47 milliún

I mí na Nollag 2023, dheonaigh an tAire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe cead chun úsáid a bhaint as €47 milliún de na cistí a bhí fágtha ón tsuim €160 milliún a aistríodh ó Vóta 29 sa bhliain 2021 ar scéim iasachta an chéad chaillteanais.

Cúlra agus gníomhaíochtaí an Chiste Náisiúnta Éifeachtúlachta Fuinnimh (CNÉF)

Le Rialacháin an Aontais Eorpaigh (an Scéim Oibleagáidí um Éifeachtúlacht Fuinnimh), 2014 (I.R. 131 de 2014), tugadh cead don Aire, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe, ciste dá ngairtear an Ciste Náisiúnta Éifeachtúlachta Fuinnimh (CNÉF) a bhunú.

Is iad seo cuspóirí an Chiste:

- tacú le seachadadh clár feabhsaithe éifeachtúlachta fuinnimh agus beart eile feabhsaithe éifeachtúlachta fuinnimh, agus
- forbairt margaidh le haghaidh bearta feabhsaithe éifeachtúlachta fuinnimh a chur chun cinn,
- bochtaineacht fuinnimh a mhaolú.

Seoladh Ciste Éifeachtúlachta Fuinnimh Éireann i mí an Mhárta 2014 chun maoiniú a sholáthar do thionscadail éifeachtúlachta fuinnimh san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach araon, agus leagadh amach i ndoiciméid an Chiste na critéir infheistíochta a bhí le comhlíonadh. Ba scairshealbhóir mionlaigh sa Chiste é an tAire. Infheistíodh €14.03 milliún ar an iomlán ón gCiste Náisiúnta Éifeachtúlachta Fuinnimh in Ireland Energy Efficiency Investments plc (IEEI). Bhí maoiniú ón earnáil phríobháideach freagrach as pas beag níos mó ná leath shuim na hinfheistíochta ag

an íostarraingt tosaigh, rud ar tháinig méadú air ón mbliain 2018 i leith. Tá sealúchas 26.1% ag an Aire.

Tá ionadaíocht ag an Aire, mar aon leis na hinfheistíochtaí eile, ar choiste comhairleach infheistíochta agus faigheann na scairshealbhóirí uile tuarascálacha bliantúla agus ráitis airgeadais eatramhacha ar fheidhmíocht IEEI.

Fuair an tAire, mar scairshealbhóir, dáiltí ó IEEI sna blianta 2021, 2022 agus 2023 dar luach iomlán €17.383 milliún. Amhail an 30 Meán Fómhair 2024, b'ionann luach infheistíocht an Stáit in IEEI agus €181,748. Tá an ciste i gcéim an fhoirceanta ó bhí an bhliain 2024 ann agus tá SDCL (bainistíocht an chiste) ag ullmhú an ráitis sócmhainní agus dliteanas deiridh, a bhfuiltear ag súil go n-eiseofar é ag deireadh na chéad ráithe den bhliain 2025.

Mar chuid den phróiseas leachtaithe sin, is féidir go mbeidh fócaíocht deiridh ann má bhíonn sócmhainní barrachais ann tar éis gach táille creidiúnaithe agus foirceanta a ghlanadh. B'ionann agus €308,000 an fócaíocht is déanaí ó dhíol sócmhainní laistigh de IEEI, a fuarthas an 24 Feabhra 2025.

Baintear úsáid as an gCiste freisin chun freastal ar rannfócaíochtaí ó chuideachtaí fuinnimh faoi oibleagáid (soláthraithe móra fuinnimh agus dáileoirí móra fuinnimh a dhíolann níos mó ná 400 GWh d'fhuinneamh in aghaidh na bliana do chustaiméirí deiridh) in ionad a spriocanna coigilte fuinnimh faoin Scéim um Oibleagáid Éifeachtúlachta Fuinnimh. Faoi I.R. 522 de 2022, leanfaidh an Scéim um Oibleagáid Éifeachtúlachta Fuinnimh ar aghaidh go dtí an bhliain 2030. Aon rannfócaíochtaí a ndéanann cuideachtaí faoi oibleagáid iad leis an gCiste Náisiúnta Éifeachtúlachta Fuinnimh faoin Scéim um Oibleagáid Éifeachtúlachta Fuinnimh, áit a gceannaíonn siad cuid den sprioc amach, ní mór don Aire iad a úsáid chun an méid coibhéiseach coigiltí fuinnimh a bhaint amach trí bhearta malartacha. Ba í an bhliain 2024 an chéad uair riamh faoi reachtaíocht na Scéime um Oibleagáid Éifeachtúlachta Fuinnimh a fuarthas maoiniú isteach sa Chiste Náisiúnta Éifeachtúlachta Fuinnimh. B'ionann agus €27 milliún an t-ioncam isteach sa chiste sa bhliain 2024, mar thoradh ar cheannach amach chreidmheasanna fuinnimh na bliana 2023 ag páirtithe faoi oibleagáid.

Aguisín A Sceideal tailte agus foirgneamh

Is leis an Aire Iascach na Gaillimhe i gCathair na Gaillimhe agus Iascach Abhainn Fhia/Abhainn tSocair i gCo. Dhún na nGall. Is é Iascach Intíre Éireann a bhainistíonn an dá iascach sin.

Tá leas tairbhiúil ag an Aire sna líonraí cathrach freisin. Maoíníodh tógáil na líonraí sin i gcomhpháirt le húdaráis áitiúla áirithe agus le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa.

Is leis an Aire talamh chun feabhsú láithreáin mianadóireachta leagáide Abhóca agus Bhéal Átha Gabhann a éascú.

Tar éis cuardach a cuireadh i gcrích ar Land Direct, sainithníodh líon suntasach réadmhaoine mar réadmhaoín atá cláraithe in úinéireacht réamhtheachtaithe an Aire, ach ar ina leith is féidir nár aistríodh teidil réadmhaoine le linn aistriú feidhmeanna san am atá thart. Teastaíonn tuilleadh gníomhaíochta chun an staid ar an mbunleibhéal a shainaithint maidir le húsáid, le húnéireacht agus le rialú d'fhonn a chinneadh an gá na réadmhaoine sin a chur ar áireamh sa Chuntas Leithreasa faoi Chaighdeán Cuntasaíochta Rialtais Láir 17: Réadmhaoín, Gléasra, agus Trealamh, Mír 14: Aithint.

Beidh sé riachtanach fiosruithe a dhéanamh chun a fháil amach cé chomh fada agus atá na réadmhaoine sin faoi úinéireacht an Aire agus an Stáit dáiríre agus chun cineál an mhéid sin a fháil amach. Aistrefar na sócmhainní sin is gá a aistriú agus luachálfar iad sin nach gá a aistriú.